



Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath  
Ollscoil Átha Cliath

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2014 -2015



[www.tcd.ie](http://www.tcd.ie)



## Ba iad seo a leanas comhaltaí Bhord Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i rith na bliana acadúla 2014/2015:

### Comhaltaí Ex-Officio

An Propast, an Dr Patrick Prendergast (Cathaoirleach)  
An Leas-Phropast/Príomhoifigeach Acadúil, an tOllamh Linda Hogan  
Léachtóir Sinsearach/Déan an Léinn Fochéime, an tOllamh Patrick Geoghegan  
Cláraritheoir, an tOllamh Shane Allwright  
Sparánaí/Stiúrthóir na Nuálaíochta Straitéisí, an tOllamh Gerard Lacey

### Comhaltaí agus Comhollaimh Thofa

An tOllamh Peter Coxon (2014-2018)  
An tOllamh Sylvia Draper (2014-2018)  
An tOllamh Eileen Drew (2012-2016)  
An tOllamh Brian Lucey (2014-2018)  
An tOllamh John McGilp (2012-2016)  
An tOllamh Cliona O'Farrelly (2012-2016)  
An tOllamh Micheál Ó Siochrú (2012-2016)  
An tOllamh Diarmuid Phelan (2014-2018)

### Foireann Acadúil Thofa nach Comhaltaí iad

An tOllamh William Dowling (2012-2016)  
An tUasal Dermot Frost (2012-2016)  
An tOllamh Des O'Neill (2012-2016)  
An tUasal Aidan Seery (2014-2018)  
An tUasal Catherine McCabe (2014-2018)

### Foireann Thofa Neamhadúil

An tUasal Fred Cowzer (2012-2016)  
An tUasal Gerard Garrahan (2013-2016)  
Shelia Dunphy Uasal (2014-2018)

### Ionadaithe na Mac Léinn

Uachtarán Aontas na gCéimithe, an tUasal Megan Lee (2014-2015)  
Uachtarán Aontas na Mac Léinn, an tUasal Domhnall McGlacken Byrne (2014-2015)  
Oifigeach Oideachais Aontas na Mac Léinn, Katie Byrne Uasal (2014-2015)  
Oifigeach Leasa Aontas na Mac Léinn, an tUasal Ian Mooney (2014-2015)

### Comhaltaí seachtracha

An Dr Olive Carmel Braiden, ainmnithe ag an gComhairle Ealaíon (2010-2018)  
An tUasal Jackie Gallagher, ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna (2010-2015)

### I Láthair Ex-Officio

Rúnaí, an tUasal Mr John Coman  
Cisteoir/Príomhoifigeach Airgeadais, an tUasal Ian Mathews

Bíonn an Príomhoifigeach Oibriúcháin i láthair ag cruinnithe Boird  
Bíonn an Leas-Phropast do Chaidreamh Domhanda i láthair ag cruinnithe Boird

Tá taifead ar fhreastal ar chruinnithe Boird agus ar chostais Bhoird in Aguisín I agus II faoi seach

Tá an doiciméad seo ar fáil i bhformáid ilrochtana ach é a iarraidh  
**rphost: [communications@tcd.ie](mailto:communications@tcd.ie)**





## CLÁR NA nÁBHAR

### Gníomhaíochtaí Ollscoile

<b>1. Forbairtí Acadúla</b>	<b>4</b>
1.1 Rangú Ollscoile Domhanda	4
1.2 Cáilíocht	4
<b>2. Oideachas</b>	<b>5</b>
2.1 Pobal na Tríonóide	5
2.2 Staitisticí Iontrála	5
2.3 Clár Rannpháirtíochta Thuaisceart Éireann	6
2.4 Scoláireachtaí	6
2.5 An Curaclam – Cúrsaí Nua	6
2.6 Bronnadh na gCéimeanna, Céad Onóracha agus Boinn Óir	7
2.7 Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide	7
2.8 Gradaim Theagaisc an Phropaist	8
2.9 Oideachas Ar Líne	9
2.10 Comhaontuithe Idirnáisiúnta	
<b>3. Eispéireas na Mac Léinn</b>	<b>10</b>
3.1 Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn	10
3.2 Gnóthachtálacha na Mac Léinn	10
<b>4. Gníomhaíochtaí Taighde</b>	<b>12</b>
4.1 Téamaí Taighde	12
4.2 Maoiniú Taighde	12
4.3 Rathúlacht Scoláireachta agus Ghradaim	13
<b>5. Nuálaíocht agus Tráchtálú</b>	<b>16</b>
5.1 Maoiniú Taighde	16
5.2 Maoin Intleachtúil	16
5.3 Launchbox	16
<b>6. Acmhainní Daonna</b>	<b>17</b>
6.1 Foireann na hOllscoile	17
6.2 Ceapacháin Ollamh	17
6.3 Ceapacháin Riaracháin Sinsearach	17
<b>7. Tionscnaimh Ollscoile agus Príomhimeachtaí</b>	<b>17</b>
<b>8. Clár Forbartha Caipitil</b>	<b>21</b>
8.1 Tionscadail Curtha i gCrích	21
8.2 Forbairtí Nua	22
8.3 Caomhnú Fuinnimh	23
<b>9. Daonchairdeas</b>	<b>25</b>
<b>10. Staid Airgeadais</b>	<b>25</b>
<b>Aguisín I:</b> Freastal baill an bhoird ar chruinnithe boird 2014/15	<b>27</b>
<b>Aguisín II:</b> Costais bhaill an bhoird 2014/15	<b>27</b>
<b>Aguisín III:</b> Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Comhdhlúite don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2015	<b>28</b>
<b>Aguisín IV:</b> Cláir Chomhardaithe Chomhdhlúite don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2015	<b>29</b>



## GNÍOMHAÍOCHTAÍ OLLSCOILE

### 1. Forbairtí Acadúla

#### 1.1 Rangú Ollscoile Domhanda

Rangaítear Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath mar phríomh-ollscoil na hÉireann i Rangú Ollscoileanna Domhanda QS, Rangú Ollscoileanna Domhanda Times Higher Education agus i Rangú Acadúil Ollscoileanna Domhanda, Shanghai.

I Rangú Ollscoileanna Domhanda QS 2014/15 rangáítear Coláiste na Tríonóide sa 78ú háit i measc ollscoileanna an domhain agus sa 27ú háit i measc ollscoileanna na hEorpa feadh gach táscaire, agus tá sé rangaithe i measc an phríomh 50 ollscoil i gcúig ábhar agus tá sé rangaithe i measc an phríomh 100 ollscoil in naoi réimse eile. Áirithe i measc 50 príomhábhar an Choláiste tá Béarla, Teanga agus Litríocht (32), Polaitíocht agus Léann Idirnáisiúnta (33), Stair (39), na hEolaíochtaí Bitheacha (48) agus Nuatheangacha (49).

Tá an coláiste rangaithe ag QS i measc an 100 ollscoil is fearr ar domhan i ngach ceann de naoi réimse: Ceimic, Ríomheolaíocht agus Córais Faisnéise, Oideachas, Tíreolaíocht, Dlí, Leigheas, Cógaisíocht agus Cógaseolaíocht, Fealsúnacht agus Siceolaíocht.

#### 1.2 Cáilíoch

Agus aitheantas aige ar fud an domhain mar ollscoil ina bhfuil teagasc agus taighde ar ardchaighdeán, tá oideachas Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath sainiúil sa mhéid is go bhfuil sé treoraithe ag an taighde agus dírithe ar mhic léinn. Tá an Coláiste tiomanta do shárcháilíocht a chéimeanna agus a iarchéimeanna agus a thaighde a choinneáil agus is cuid mhór dá neart é tiomantas fhoireann Choláiste na Tríonóide do na mic léinn.

Is onóir í bronnadh Comhaltachta a léiríonn cáilíocht eisceachtúil fhoireann acadúil an Choláiste. Is gnóthachtáil taighde nó scoláireacht den scoth an phríomhcháilíocht chun Comhaltacht a bhaint amach, chomh maith le fianaise go bhfuil rannchuidiú déanta ag an iarrthóir ar mhaithe le saol acadúil an Choláiste, arna léiriú go háirithe trí rannpháirtíocht in obair a Roinne nó a D(h)áimhe agus taifead éifeachtach sa teagasc.

Fógraíodh trí Ánra déag ar Luan na Tríonóide 2015, beirt Ánra Oinigh ina measc; an tOllamh Yvonne Galligan, Stiúrthóir Bunaidh an Ionaid um Chur Chun Cinn na mBan sa Pholaitíocht (CAWP) agus Stiúrthóir Thionscnamh Inscne Ollscoil na Banríona (QCI) agus an tOllamh Taca Leo F. Goodstadt, Scoil an Ghnó, a thacaíonn go láidir le forbairt Lárionad Léann na hÁise i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus príomhchomhairleoir beartas rialtas Hong Cong ó 1989 go dtí 1997.

In 2014/15, d'éascaigh an Oifig Cháilíochta athbhreithnithe cáilíochta ar Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr agus Scoil an Oideachais, chomh maith le hathbhreithniú ar Naíolann an Choláiste, Seirbhís Sláinte an Choláiste, Seirbhís Mhíchumais an Choláiste, Seirbhís Comhairleoireachta na Mac Léinn agus an tSéiplíneacht. Rinneadh athbhreithniú chomh maith ar an gclár comhiontrála Eolaíochta (TR071), an chéad mhór-athbhreithniú clár arna stiúradh i gColáiste na Tríonóide. Cuireann na tuarascálacha a eascraíonn as na hathbhreithnithe seo aiseolas tábhachtach ar fáil do na réimsí faoi athbhreithniú, agus don choláiste, maidir le soláthar acadúil agus seirbhísí.

Lean Coláiste na Tríonóide de bheith rannpháirteach go gníomhach le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) agus le príomh-gheallsealbhóirí náisiúnta eile in 2014/2015. Bhí sé rannpháirteach i gCumann Ollscoileanna Éireann (IUA) trí ionadaíocht ar na cúig Bhuanghrúpa agus chuir sé le freagraí earnálacha ollscoile do roinnt comhairliúcháin QQI ar fhorbairt polasaithe agus nósanna imeachta chun an tAcht nua um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oilíúint) 2012 agus treoirlínte dearbhaithe cáilíochta gaolmhara a chur i bhfeidhm in 2016.

Bhí Coláiste na Tríonóide rannpháirteach sa tríú bliain de Shuirbhé na hÉireann maidir le Rannpháirtíocht Mac Léinn in 2014/15 agus tacaíonn sé i gcónaí leis an tionscnamh seo faoin Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas go dtí 2030. Bhí an Ollscoil rannpháirteach i Suirbhé Baraiméadair na Mac Léinn Idirnáisiúnta, a mbeidh tionchar ag a thorthaí ar fhorbairtí straitéiseacha chun eispéreas na mac léinn idirnáisiúnta a fheabhsú ag teacht le Cód Cleachtais do Sholáthar an Chláir um Oideachas agus Oilíúint d'Fhoghlaimoirí Idirnáisiúnta arna fhoilsiú ag QQI in 2015.



## 2. Oideachas<sup>1</sup>

### 2.1 Pobal na Tríonóide

Is pobal scoláirí, le n-áirítear mic léinn, foireann acadúil, agus foireann riaracháin é Coláiste na Tríonóide. Tá éagsúlacht i gcroílár shainiúlacht Choláiste na Tríonóide, agus meallann sé mic léinn agus foireann ó áiteanna ar fud an domhain, agus ó gach cineál cúlra agus taithí socheacnamaíochta.

Bhí 17,080 fochéimí agus iarchéimí cláraithe in iomlán in 2014/2015. Díobh seo ba ó oileán na hÉireann thart ar 80%, as tíortha eile de chuid an AE 8%, as Meiriceá Thuaidh agus Láir 5% agus as áiteanna eile ar fud an domhain 7% (lena n-áirítear mic léinn ó tíortha Eorpacha nach tíortha an AE iad). In 2014/15, ba mhná iad 58% de na mic léinn agus ba fhir iad 42% díobh. Bhí 12,633 in iomlán cláraithe ar chlár fhochéime agus 4,447 ar chlár iarchéime.

Tá gach cineál cúlra socheacnamaíochta agus aoisghrúpa ag na mic léinn. Le roinnt blianta anuas, d'ardaigh an Coláiste líon na n-áiteanna a chuirtear ar fáil do mhic léinn neamhthraidisiúnta, lena n-áirítear mic léinn atá faoi mhíchumas, agus mic léinn aibí. In 2015, ba mhic léinn neamhthraidisiúnta a líon 20% de líon na n-áiteanna ar fad ón CAO, agus ba mhic léinn aibí iad 18% díobh.



Bronnadh Gradaim Taispeántóirí Iontrála ar Holly Mathews agus Stephen Cunningham as Pobalscoil Mhaighean Rátha, Co. Laoise, ar Noelle Murphy as Pobalscoil Bhuiríos Uí Chéin, Co. Thiobraid Árann agus ar Bronagh Duff, Co na Mí.

### 2.2 Staitisticí Iontrála

In 2014 mheall Coláiste na Tríonóide 7,437 (11%) d'iarratais chéadrogha i gcóras na Lár-Oifige Iontrála (CAO), laghdú 6% ó 2013 nuair a bhí 7,919 i gceist.

As na 69,218 duine a rinne iarratas ar chúrsaí Leibhéal 8 in institiúidí ardoideachais na hÉireann tríd an chóras CAO in 2014, liostáil 17,795 Coláiste na Tríonóide do chúrsa tosaíochta amháin de chuid an CAO, laghdú de 2% ar fhiúir do 2013 nuair a bhí 18,161 i gceist. Is ag Coláiste na Tríonóide atá an dara líon is airde d'iarratas chéadrogha sa tír i gcónaí.

Bronnadh 'Gradaim Taispeántóirí Iontrála' speisialta ar 422 mac léinn na céad bliana i mí na Samhna 2014. Fuair na mic léinn sin 560 pointe nó níos mó i scrúdú na hArdteistiméireachta nó i scrúdú dara leibhéal comhionann san AE. As an líon sin daoine, ba mhic léinn Ardteistiméireachta 381 díobh, ba mhic léinn A-leibhéal 27 díobh agus bhí cáilíocht eile ón AE ag 14 mac léinn eile díobh.

Bhain Coláiste na Tríonóide triail den chéad uair as samhail iontrálacha nua ar thrí chúrsa nua i staidéar féidearthachta a roinnfear leis an earnáil tríú leibhéal go léir. Coláiste na Tríonóide a stiúir an tsamhail i gcomhpháirtíocht leis an CAO, le haghaidh Stair, Dlí agus Stair agus Cultúr Ársa agus Meánaoiseach. Ba é an cuspóir a bhí leis ná feiceáil cibé an bhféadfaí meicníocht níos fearr agus níos cothroime a fhorbairt chun iarratasóirí ar choláiste a aithint agus a scaoileadh isteach. Rinneadh 270 iarratas ar an 25 áit sna trí ábhar atá ar fáil (Stair, 10 n-áit), (Dlí, 10 n-áit), agus (Stair agus Cultúr Ársa agus Meánaoiseach, 5 áit) i Meán Fómhair 2014.





### 2.3 Clár Rannpháirtíochta Thuaisceart Éireann

In Iúil 2014 sheol Coláiste na Tríonóide tionscnamh úrnua chun líon na mac léinn ó Thuaisceart Éireann a mhéadú. Mar fhreagra ar laghdú ar an líon daoine ó Thuaisceart Éireann le deireanaí, d'fhógair Coláiste na Tríonóide staidéar féidearthachta chun bealach nua a aimsiú le iarratasóirí A-Leibhéal ó ar fud an AE a scaoileadh isteach, a ndéanfar tástáil air ar dtús d'iarratasóirí ó Thuaisceart Éireann.

Thug Coláiste na Tríonóide faoi Chlár Rannpháirtíochta Thuaisceart Éireann uailmhianach, cuairt á tabhairt ar scoileanna agus ar aontaí gairme ar fud Thuaisceart Éireann le ambasadóirí mic léinn ón líon mac léinn reatha, agus ag dul i dteagmháil an athuir le scoileanna, tuismitheoirí, múinteoirí agus alumni. Baineann an staidéar féidearthachta leas as an obair sin trí iarracht a dhéanamh fáil réidh le ceann de na bacainní is mó, nach ndéanann ach duine as gach ochtar mac léinn i dThuaisceart Éireann ceithre ábhar A-Leibhéal. Is í an aidhm líon na mac léinn a ghlahtar isteach ó Thuaisceart Éireann gach bliain a mhéadú faoi thrí, sa chaoi go mbeidh 8% de mhic léinn ag teacht ó Thuaisceart Éireann, misean stairiúil Choláiste na Tríonóide á athdhearbhú ar an mbealach seo mar ollscoil don oileán iomlán, mic léinn le cumas agus inniúlacht ó gach áit á mealladh aige.



An scoláire nua-thofa, Alissa Dunskey, ag ceiliúradh leis an Ollamh Lorraine Leeson, Stiúrthóir Lárionad Léann na mBodhar.

### 2.4 Scoláireachtaí

Is institiúid de chuid an Choláiste í an Scoláireacht Fondúireachta a bhfuil stair fhada agus ardghradaim ag baint léi, agus is gné shainiúil í de shaol na mac léinn i gColáiste na Tríonóide. Tá scoláireacht i gColáiste na Tríonóide fós ar an ngradam fochéime is mó sa tír a mbaineann gradam leis, agus is gradam é gan amhras ar bith a chuidigh le naisc a mhair i bhfad a chothú idir go leor sárchéimithe agus an Coláiste. Ar cheann de phríomhchuspóirí Choláiste na Tríonóide tá dul sa tóir ar an sármhaitheas: tá institiúid na Scoláireachta ar cheann de na taispeántais inláimhsithe is mó díobh seo.

Bronnadh Scoláireachtaí ar 68 mac léinn sa bhliain acadúil 2014/15. Bhí na mic léinn a fuair na scoláireachtaí ionadaíoch ar gach dámh: Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta (24); Dámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta (20); Dámh na nEolaíochtaí Sláinte (17); agus Dámha Éagsúla (7).

### 2.5 An Churaclam – Cúrsaí Nua

Cuireadh tús leis na cúrsaí seo a leanas ag tús na bliana acadúla 2014/15:

#### Cúrsaí Fochéime

- BSc i Radagrafaíocht Dhiagnóiseach i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Shingeapór
- Dioplóma Gairmiúil i dTeiripe Ortódóntach
- Dioplóma in Aisteoireacht agus in Amharclannaíocht
- Dioplóma i Múineadh agus Taibhiú Ceoil arna chur ar fáil ag Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann

#### Cúrsaí Iarchéime

- Teastas Iarchéime i Múineadh agus i bhFoghlaim ón 21ú hAois
- Teastas Iarchéime in Eolaíocht Fhorfheidhmithe
- Teastas Iarchéime in gCleachtas Speisialtachta
- Dioplóma sa Staidéar Sóisialach Feidhmeach (ar líne)
- MFA i nDearadh Stáitse
- Máistreacht i Staidéar Oideachais (Oideachas Luath-Óige)
- Máistreacht Ghairmiúil san Oideachais
- MPhil i Stair Ealaíne na hÉireann



## 2.6 Bronnadh Céimeanna, Céad Onóracha agus Boinn Óir



Lucht faighte céime oinigh Stanley Quek, Grigory Krzhkov, Margaret Murnane agus Camille Souter leis an bPropast, an Dr Patrick Prendergast, agus Seansailéir na hOllscoile, Mary Robinson.

Bronnadh 4,942 céim in iomlán (2,966 bunchéim agus 1,976 ardchéim) i 34 searmanas bronnta céime ar leith in 2014. Fuair cúig chéad fiche seacht mac léinn onóracha den chéad ghrád sna scrúdaithe céime in 2014/15 agus bronnadh Bonn Óir ar 67 díobh seo.

Bhí bronnadh chéimeanna oinigh ann ag na searmanais bronnta céimeanna an 8 Nollaig 2014 agus an 26 Meitheamh 2015. Ag Bronnadh Céimeanna an Gheimhridh bronnadh Céimeanna Oinigh ar Ambasadóir an AE chuig na Stáit Aontaithe, David O'Sullivan, ar an bhfile Paul Muldoon, ar bhunaitheoir Front Line Defenders, Mary Lawlor agus ar eolaí ceannaireachta as na Stáit Aontaithe, Nancy Hopkins, ag Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath.

Ag Bronnadh Céimeanna an tSamhraidh, bronnadh Céimeanna Oinigh ar an ealaíontóir iomráiteach Camille Souter, ar an bhfile Grigory Krzhkov, ar an taidhleoir agus fear gnó Singeapórach, Stanley Quek agus ar an bhfíseoir optúil ceannaireachta atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, Margaret Murnane.

Bhain tríocha dó mac léinn dochtúireachta céim amach ón Acadamh Nuálaíochta idir-ollscoile a bhfuil sé mar mhisean aige céimí PhD nua a fhorbairt. Bhronn an tAire Oideachais agus Scileanna, Jan O'Sullivan, Teastais Iarchéime i Nuálaíocht agus Fiontraíocht ar na mic léinn ó Choláiste na Tríonóide agus Ollscoil na Banríona i mBéal Feirste, ag searmanas bronnta céimeanna speisialta sa

Roinn Oideachais agus Scileanna i mí Eanáir 2015. Trí shraith de mhodúil mhúinte faigheann mic léinn PhD tuiscint ar conas is féidir le nuálaíocht a n-eolas a aistriú isteach i dtáirgí, i seirbhísí agus i mbeartais ar mhaithe le sochar eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha. Áirítear ar na modúil ealaíona cruthaitheacha, fiontraíocht shóisialta, innealtóireacht, teicneolaíocht agus gnó, áit a n-oibríonn siad i bhfoirne ildisciplíne. Leanfaidh na mic léinn de bheith ag obair i dtreo a PhDanna ar leith ag clúdach ábhar ó eolaíocht aeráide agus nanaiteicneolaíocht, go dtí fachtóirí a mbíonn tionchar acu ar shláinte mheabhrach na leanaí.

## 2.7 Clár Rochtana Choláiste na Tríonóide

Is réimse tionscnamh iad Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide (TAP) atá dírithe ar an ráta rannpháirtíochta ag oideachas tríú leibhéal a mhéadú i measc daoine fásta óga agus mic léinn aibí ó ghrúpaí socheacnamaíochta faoi thearcionadaíocht. Bunaíodh na cláir mar chuid de straitéis fhoriomlán chun dul i ngleic leis na rátaí ísle de mhic léinn ó ghrúpaí socheacnamaíochta áirithe a théann ar aghaidh chuig oideachas tríú leibhéal agus is léiriú iad ar mhisean sóisialta an Choláiste i mbun gnímh. Tá rath leanúnach ar TAP de thoradh an líonra de chomhpháirtíochtaí táirgiúla le scoileanna, coláistí breisoideachais, teaghlaigh, mic léinn, foireann Choláiste na Tríonóide, gnóthais, grúpaí pobail agus institiúidí ardoideachais eile, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Faigheann TAP maoiniú ón Údarás um ardoideachais tríd an gCiste le haghaidh Tionscnaimh Straitéiseacha, ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ó roinnt deontóirí aonair agus corparáideacha. Tacaíonn na cistí seo leis na tionscnaimh seo a leanas:

- Naisc Fhor-Rochtana leis an Scoil agus leis an Phobal
- Cúrsaí Réamhullmhúcháin Ollscoile: Daoine Fásta Óga agus Mic Léinn Aibí, Coláiste na Tríonóide
- Na Cúrsaí Rannpháirtíochta sna Saorealaíona: TCD agus Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath (CDETB)
- An Clár um Dul Chun Cinn Iar-Iontrála
- Taighde agus Measúnú
- Tionscadal Rochtana 21 Choláiste na Tríonóide



Tugadh 252 iontrálaí isteach go Coláiste na Tríonóide trí Chláir Rochtana Choláiste na Tríonóide in 2014/15.

Agus nasc á dhéanamh le breis is 40 bunscoil agus meánscoil ar beag an traidisiún atá acu dul ar aghaidh chuig oideachas tríú leibhéal, thug TAP, i gcomhar le timpeall 30 roinn sa Choláiste, an deis do bhreis is 5,000 mac léinn, tuismitheoir agus múinteoir páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ar an gcampas le linn 2014/15. Áirítear orthu sin Clár Scoláirí Matamaitice agus Eolaíochta le haghaidh daltaí an 6ú rang, Lá Leighis le haghaidh Daltaí na Sraithe Sóisearaí chomh maith le Laethanta Scáthaithe, Scoileanna Samhraidh agus meantóireacht do dhaltaí dara leibhéal.

Cuireann TAP raon tacaíochtaí iariontrála, gníomhaíochtaí agus cláir forbartha gairme ar fáil, chomh maith le cúnamh airgeadais do mhic léinn fochéime a chuaigh isteach i gColáiste na Tríonóide trí bhealaí iontrála malartacha. Thacaigh Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide le 900 mac léinn a chuaigh i mbun staidéir chéime i gColáiste na Tríonóide in 2014/15.



Lucht faighte Gradaim Theagaisc an Phropaist 2015, an Dr Ciaran Simms, an Dr Ciaran O'Neill, Sheila Ryder Uasal, Cicely Roche Uasal, an tUasal David Kenny agus an Dr Daniel Geary.

## 2.8 Gradaim Theagaisc an Phropaist

Is iad Gradaim Theagaisc an Phropaist príomh-mhodh na hOllscoile chun aitheantas a thabhairt do chomhaltaí foirne acadúla a rinne obair ar leith ar son barr feabhais a bhaint amach i dteagasc sa Choláiste agus a chuireann an teagasc chun cinn mar ghníomhaíocht scolártha.

Ar na daoine a fuair iad in 2015 bhí: an Dr. Daniel Geary, Scoil na Staire agus na nDaonnachtaí, an Dr. David Kenny, Scoil an Dlí (Gradam Luathghairme), an Dr. Ciaran O'Neill, Scoil na Staire agus na nDaonnachtaí (Gradam Luathghairme), Cicely Roche Uasal, Scoil na Cógaisíochta & na nEolaíochtaí Cógaisíochta (Gradam Luathghairme), Sheila Ryder Uasal, Scoil na Cógaisíochta & na nEolaíochtaí Cógaisíochta agus an Dr. Ciaran Simms, Scoil na hInnealtóireachta. Tugadh aitheantas dóibh seo go léir as a ndíograis agus a dtiomantas do theagasc agus d'fhoghlaim d'ardchaigheán.

## 2.9 Online Education

Bhain an chéad ghrúpa mac léinn ar líne (37) Dioplóma sa Staidéar Sóisialach Feidhmeach amach i mí na Samhna 2015, clochmhíle shuntasach maidir le soláthar oideachais ar líne i gColáiste na Tríonóide. Léiríonn an t-imeacht seo an chéad chéim i dtreo sprioc na hOllscoile 1,000 mac léinn a bheith ar líne faoi 2019.

D'fháiltigh Coláiste na Tríonóide roimh cohórt nua mac léinn chuig na cúig chúrsa iarchéime go hiomlán ar líne; Staidéar Sóisialta, Néaltrú, Radaiteiripe Radaíochta, Bainistiú Riosca agus Cleachtadh Cliniciúil i mí Mheán Fómhair 2015. Forbraíodh na cúrsaí sin mar aon le haonán nua, Seirbhísí Ar Líne Choláiste na Tríonóide Teoranta.

Chomh maith leis na cúig chlár ar líne nua, leanann Oideachas Ar Líne lena rannpháirtíocht le Mórchúrsaí Ar Líne (MOOCanna) i gcomhar le lucht acadúil Choláiste na Tríonóide agus Futurelearn. D'éirigh chomh maith sin leis an MOOC 'Irish Lives' in 2014 gur eascair leagan eile den chúrsa i mí Mhárta 2015. Ghlac os cionn 11,000 foghlaiméoir páirt sa chúrsa saor in aisce arna chur ar fáil ag Oideachas Ar Líne i gcomhar le Scoil na Staire agus na nDaonnachtaí, rud a thug líon na bhfoghlaiméoirí cláraithe ar an MOOC go dtí beagnach 30,000.

Forbraíodh an dara MOOC de chuid Choláiste na Tríonóide in 2014/15 le tosú ag tús na chéad bhliana acadúla eile. Tá sé mar aidhm ag an MOOC 'Straitéisí um Aosú Rathúil', arna stiúradh ag an Ollamh le Seaneolaíocht Leighis, Rose Anne Kenny, cur ar chumas daoine fásta breacaosta a sláinte agus a bhfolláine féin a thacú. Foireann de lucht acadúil Choláiste na Tríonóide ón Ionad Taighde um Aosú EngAGE, i gcomhar le hOideachas Ar Líne, a chuir an cúrsa le chéile d'fhonn taighde reatha maidir le haosú a léiriú, agus spreagadh a thabhairt d'fhoghlaiméoirí a dtaithí agus a straitéisí pearsanta maidir le aosú a roinnt i bpobal ar líne domhanda.





## 2.10 Comhaontuithe Idirnáisiúnta

Síníodh os cionn 30 comhaontú nua in 2014/15 le hollscoileanna móra sna Stáit Aontaithe, i Meiriceá Laidineach agus san Áise, lena n-áirítear deich gcomhaontú malairte mac léinn nua. Tabharfaidh na comhaontuithe sin, lena gcothaítear soghluaiseacht amach, líon na n-áiteanna atá ar fáil do mhic léinn Choláiste na Tríonóide chun dul i mbun malairte chuig ollscoil comhpháirtíochta neamh-AE ar fud an Choláiste go dtí os cionn 100 sa bhliain acadúil seo chugainn. Is ionann sin agus méadú faoi chúig ó seoladh an Straitéis Caidreamh Domhanda in 2012.

Shínigh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Institiúid Teicneolaíochta Shingepór comhaontú i nDeireadh Fómhair 2012 ag cur tús le comhpháirtíocht idir an dá institiúid agus le seoladh dhá chlár i bhFisiteiripe agus i dTeiripe Cheirde a thugann aitheantas do na dioplómaí trí bliana sna disciplíní seo ó Pholaiteicnic Nanyang. Faoin gComhaontú tugann mic léinn clár bliana chun críche, ar chuid de staidéar agus/nó socrúcháin in Éirinn. Ar thabhairt chun críche an chlár bronntar céim ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ar na mic léinn. Chláraigh an chéad chohórt mac léinn i Meán Fómhair 2012 agus bhaineadar céim amach i Meitheamh agus i Nollaig 2013. In 2014 leathnaíodh an chomhpháirtíocht le Teiripe Radaíochta a chur san áireamh agus cúrsa nua i Radagrafaíocht Dhiagnóiseach.

Shínigh Coláiste na Tríonóide comhpháirtíocht straitéiseach le hOllscoil Fudan, atá ar cheann de na hinstitiúidí is fearr sa tSín, i láthair Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins, le linn cuairte Stáit chuig an tSín i mí na Nollag 2014. Shínigh Leas-Uachtarán do Chaidreamh Domhanda Choláiste na Tríonóide, an tOllamh Juliette Hussey, agus Ollamh Fudan Feng Xiaoyuan, Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Idirnáisiúnta Meamraim Tuisceana agus Comhaontú Malairte Mac Léinn i gcampas stairiúil Ollscoil Fudan. Áirítear sa chomhpháirtíocht comhoibriú suntasach idir Mhol Sheomra Fada Choláiste na Tríonóide do na hEalaíona agus Daonnachtaí, agus Institiúid Forbartha Fudan, mar chomhchéim straitéiseach thábhachtach i ndáil le leathnú taighde Daonnachtaí via comhoibriú idirnáisiúnta.

I mí Iúil shínigh an Propast comhaontú le hOllscoil Thapar san India chun comhoibriú le chéile maidir le teagasc agus taighde san Innealtóireacht agus Ríomheolaíocht. Tíocfaidh mic léinn fochéime a bhfuil mianach ard iontu go dtí Coláiste na Tríonóide le haghaidh bliain a 3 de na disciplíní sin, agus beidh comhoibriú idir comhaltaí foirne maidir le taighde agus cleachtadh acadúil.

Nuair a chuirtear le chéile iad, agus nuair a áirítear an Clár Erasmus seanbhunaithe don staidéar san AE, ciallaíonn na méaduithe i socrúcháin agus malartuithe ar fud an choláiste agus leibhéal na scoile go bhfuil deis ag os cionn an ceathrú cuid den chorpas mac léinn a dtaitheá a fhorbairt thar lear.





### 3. Eispéireas na Mac Léinn

Leathnaíonn 'Taitní Choláiste na Tríonóide' thar an curaclam amach agus cuimsíonn sé cúlra saibhir de chlubanna agus de chumainn mac léinn a ullmhaíonn mic léinn do shaol ceannaireachta agus rannpháirtíochta poiblí. Cuireann seirbhís oidí na mac léinn leis an éiteas pearsanta.

#### 3.1 Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn

Tá an tiomantas d'fhorbairt intleachtúil agus phearsanta na mac léinn uile i gcroílár gníomhaíochtaí an Choláiste. D'fhonn taitní na mac léinn a fheabhsú, cuireann Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn réimse leathan de sheirbhísí riaracháin agus tacaíochta ar fáil, lena n-áirítear Cóiríocht agus Lónadóireacht, Forbairt Fhoghlaim na Mac Léinn, Seirbhís na nOidí, Seirbhís Chomhairleach na Mac Léinn Iarchéime, Lárionad Sláinte na Mac Léinn, Seirbhísí Comhairleoireachta, Seirbhísí Mhíchumais, an tSéiplíneacht, Seirbhísí Gairmthreoracha, Naíolann an Choláiste agus an Rannóg Spóirt agus Áineasa. Cinntíonn na seirbhísí seo go bhfreastalaítear ar leas na mac léinn, agus a bhforbairt shóisialta, chultúrtha agus mhothúcháin ar bhealach cothromaithe agus iomlánaíoch.

#### 3.2 Gnóthachtálacha na Mac Léinn

I rith na bliana acadúla 2014/15, d'éirigh go maith le mic léinn agus le cumainn do mhic léinn in a lán réimsí.

Rinneadh Rolla Onóra Dhéan na Mac Léinn maidir le hObair Dheonach a fheabhsú nuair a tugadh isteach trí leibhéal aitheantais: Liosta an Déin maidir le hObair Dheonach, Gradam Ceannaireachta an Déin maidir le hObair Dheonach agus Gradam Oidhreachta Choláiste na Tríonóide maidir le hObair Dheonach. Thug Coláiste na Tríonóide aitheantas do 107 mac léinn ar liosta an Déin le 60 mac léinn ag fáil Gradam Ceannaireachta. Chomh maith leis sin, tugadh aitheantas do bheirt mhac léinn, Aoife Price as Headstrong agus Gareth Walsh as an gClár Teagaisc Deonach le Gradam Oidhreachta Choláiste na Tríonóide maidir le hObair Dheonach.

Bronnadh an scoláireacht Fulbright mór le rá an Dr. John Ahern, mac léinn de chuid an choláiste, in 2015. Rachaidh John i mbun comhoibríthe le hOllscoil Harvard chun acmhainní daonna i leith an tsláinte a neartú i dtíortha i mbéal forbartha, trí chomhtháthú oiliúna sláinte béil

d'oibríthe sláinte cúraim phríomhúil. Bronnadh Boinn Óir George Berkeley ar sheachtar mac léinn de chuid Choláiste na Tríonóide as a gcuid taighde agus obair chúrsa cheannródaíoch ag searmanas bronnta Gradam Fochéime i mí na Nollag 2014. Seo a leanas na buaiteoirí: Tadhg Giles, Pierce Healy, Fiona Saluk, Stephen Quinn, Susannah Keller Finn, Liath Gleeson, Kyrsten Baker agus Jack Fitzsimons.

Roghnaíodh triúr mac léinn as os cionn 400 iarratasóir chun páirt a ghlacadh sa Washington Internship Program 2015, eagraíocht tras-phobail agus tras-teorainn a aithníonn daoine óga a bhfuil mianach ard iontu, atá tiomanta do sheirbhís agus a bhfuil cuntas teiste ceannaireachta acu. Déanann Faris Bader, Rachel Lavin agus Finn Murphy staidéar ar Mhatamaitic, Béarla agus Stair, agus Innealtóireacht Mheicniúil faoi seach.

Bhain os cionn 500 mac léinn páirt i Lá Leighis Choláiste na Tríonóide 2014 agus bhailigh siad os cionn €46,000 d'ospidéal teagaisc Choláiste na Tríonóide ar fud Bhaile Átha Cliath, a chuaigh chun leasa seirbhísí cúraim mhaolaithigh, imscrúdaithe ar ghalair thógálacha, taighde ar ailse phróstataigh agus taighde teiripe don ghalar Crohn.



Oifigeach Siamsaíochta Aontas na Mac Léinn, Finn Murphy; Ball de Bhord Fhondúireacht Choláiste na Tríonóide, Fergal Naughton; an Propast, an Dr Patrick Prendergast; agus Comhchathaoirligh Oibríthe Deonacha Choláiste na Tríonóide, Sarah McAviney agus Tara O'Broin ag seoladh Sheachtain Bailigh agus Tabhair (RAG) 2015





Bhí Seachtain Bailigh agus Tabhair (RAG) na bliana seo ar an gceann is rathúla ag an Ollscoil go dtí seo. Arna reáchtáil ag Aontas na Mac Léinn agus Oibrithe Deonacha Choláiste na Tríonóide, bailíodh €23,500 in iomlán, lena n-áirítear deontas dúshláin €10,000 cómhaoinithe arna soláthar ag deonacháin alumni. Cuireann Seachtain RAG le feachtas agus bailíonn sí deonacháin do roinnt carthanachtaí fiúntacha de chuid Choláiste na Tríonóide a thugann tacaíocht d'oidéachas mac léinn agus rannpháirtíocht leis an tsochaí.

Seo a leanas sampla de chlubanna na mac léinn agus buaicphointí sóisialta le linn na bliana:

- Rámhaithe na Tríonóide a bhuaigh na Dathanna Rásaíochta Bád ar an Life.
- Bhuaigh foireann iomána Choláiste na Tríonóide Corn Ryan don chéad uair ó bunaíodh iad agus bhuaigh foireann Pheil na mBan Corn Giles don chéad uair chomh maith.
- Bhuaigh MathsSoc an comórtas Matamaitice Idir-Ollscoile, sa rannóg foirne agus sa rannóg aonair araon.
- Bhí bliain rathúil ag an dá chumann díospóireachta i gColáiste na Tríonóide, Cumann Staire an Choláiste (The Hist) agus an Cumann Fealsúnachta (The Phil) agus chuir The Phil iomaitheoir ar aghaidh chuig an Edinburgh Cup. Ba iad buaiteoirí foirne Chomórtas Díospóireachta Bliantúil an Irish Times Ronan O'Connor agus Hugh Guidera ó The Phil, a mhol an rún 'Creideann an Teach seo nár chosain an ceathrú heastát muintir na hÉireann nuair a bhí siad in am a ngátar'. Bhain William Dunne ó The Hist an dara áit amach sa chomórtas agus bhuaigh Matthew Collins, ó The Phil craobhchomórtas na ndaoine aonair amach chomh maith.
- Is ag Coláiste na Tríonóide a bhí an bua glan i nGradaim Náisiúnta Meán na Mac Léinn, na Smedias, agus d'éirigh leis 10 ngradam a bhaint amach ag an searmanas in Aibreán 2015. Fuair na gradaim os cionn 1,000 iarratas ó iriseoirí, craoltóirí agus léiritheoirí faoi oiliúint ó gach áit sa tír.

Tionóladh na chéad Ghradaim Ghaeilge de chuid Choláiste na Tríonóide in Aibreán 2015 i Seomra na Gaeilge, seomra caidrimh na Gaeilge sa Choláiste. An tAire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta, Joe McHugh, TD a bhronn na gradaim mar aitheantas ar an obair thábhachtach atá á déanamh ag na mic léinn agus ag an bhfoireann chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Cumann Cheol Traidisiúnta na hÉireann a bhuaigh i gcatagóir Chumann na Mac Léinn agus d'éirigh leis an mac léinn Fionn Ó Deá gradam an Mhic Léinn aonair a bhaint amach.

Bhí Cumann Gaelach Choláiste na Tríonóide agus Oifig na Gaeilge páirteach i Comhrá '14 a bhris an churiarracht dhomhanda don chomhrá Gaeilge is faide riamh. Bhí an t-imeacht, arna reáchtáil ag Seachtain na Gaeilge, ar siúl ar feadh 169 uair an chloig.

D'éirigh le triúr mac léinn iarchéime de chuid Choláiste na Tríonóide i scéim Dámhachtainí Iarchéime Fostaíocht-Bhunaithe 2014 de chuid na Comhairle um Thaighde in Éirinn. Leithdháil an IRC €4.5 milliún in iomlán faoin scéim seo le cur ar chumas roinnt de na taighdeoirí iarchéime is fearr in Éirinn dul i mbun oibre le cuideachtaí móra ar fud na tíre. Seo a leanas na scoláirí as Coláiste na Tríonóide a bhain leas as na dámhachtainí agus a bpáirtithe fostaíochta: Seán Dooney, Scoil na hInnealtóireachta, Páirtí Fostaíochta: DTS; Conor Dowling, Scoil an Ghnó, Páirtí Fostaíochta: Future Analytics; Lucy Whiston, Scoil an Leighis, Páirtí Fostaíochta: Cumann Ospidéal Adelaide.

Bhronn Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta agus na Fealsúnachta Scoláireachtaí Grattan iomráiteacha ar thriúr mac léinn, Purnima Kanther atá i mbun taighde do thráchtas dar teideal '*Financial Inclusion and Financial Sector Development in Developing Countries*'; Margaryta Klymak atá ag tabhairt faoi thaighde dar teideal '*A New Model for Development Aid: the Role of the Private Sector*'; agus Yannick Timmer atá i mbun taighde ar '*The Global Financial System*'.

Bhí os cionn 10,500 mac léinn, nó díreach os cionn 60% den chorpas mac léinn gníomhach i spórt agus áineas in 2014/15. Ag na dara Gradaim Spóirt Bliantúla in Aibreán 2015, rinne Sporting Commons 40 bliain ar an bhfód a cheiliúradh. Bhronn Coiste Captaen DUCAC deich mBándearg Choláiste na Tríonóide 'Pinks', lena n-áirítear an chéad cheann riamh le haghaidh líonpheile: Victoria Mullin (Lámhach Piostail Aeir), David Fitzgerald (Dreapadóireacht), Maxton Milner (Pionsóireacht), Omar Nouhi (Júdó), Susannah Cass (Rámhaíocht), Sinead Dolan (Rámhaíocht), Ruth Morris (Rowing), Sacha Shipway (Líonpheil), Conor Short (Rianadóireacht) and Cian Quinn (Sár-Fhriosbaí).

Shroich spóirt ag Coláiste na Tríonóide cloch mhíle eile nuair a bhí beirt mhac léinn ó Ionad an Choláiste don Chuimsitheacht agus Mhíchumas Intleachtúil i measc na 61 scoláireacht spóirt a fógraíodh. Bhuaigh Maeve Philips boinn óir, airgid agus chré-umha ag imeachtaí snámha Eorpacha agus Domhanda do dhaoine le Siondróm Down, agus bhain Fiachra Costello onóracha amach i gcrabhbheile mionúir agus sraith iomána le Cumann Whitehall Colmcille.



## 4. Gníomhaíochtaí Taighde

### 4.1 Téamaí Taighde

Aithnítear Coláiste na Tríonóide mar cheann de na hollscoileanna is fearr ar domhan maidir le líon ard taighde a dhéanamh. Tugann an taighde sin aghaidh ar cheisteanna lena mbaineann tábhacht domhanda sochaíoch agus eacnamaíochta. Tá straitéis taighde na hOllscoile bunaithe ar réimsí ildisciplíneacha a fhorbairt ina bhfuil mais chriticiúil taighdeoirí ar chaighdeán domhanda ag an gColáiste chun taighde a bheidh suntasach ar fud an domhain a sheachadadh.

I measc na dtéamaí taighde tosaíochta a bhfuil taighdeoirí Choláiste na Tríonóide ag tabhairt aghaidh orthu tá; dul in aois, naineolaíocht, teileachumarsáid, néareolaíocht, trasfhoirmiú chéannacht an duine, ailse, lánpháirteacht idirnáisiúnta, cleachtas na n-ealaíon cruthaitheach agus an sochaí uilechuimsitheach. Is ábhair iad sin a thugann aghaidh, ní hamháin ar cheisteanna is cúis imní láithreach agus fadtéarmach don sochaí ach tugann siad deis freisin d'fhorbairt eacnamaíochta amach anseo. Ciallaíonn tiomantas na hOllscoile i leith oideachas taighde-bhunaithe go bhfaigheann ár mic léinn taithí ar cheannairí ina ndisciplín, ar an eolas agus ar na smaointe is déanaí, agus ar oideachas a leagann béim ar scileanna anailíse agus ar smaointeoireacht chruthaitheach, agus a thugann deis do mhic léinn raon leathan scileanna a fhorbairt trí dhul i mbun taighde pearsanta.

Tá an sármhaitheas sin sa taighde mar bhonn taca do straitéis Choláiste na Tríonóide maidir le Nuálaíocht agus Fiontraíocht. Is gné lárnach é an taighde chun smaointe nua réabacha a bheidh mar bhonn taca do ghnólachtaí inbhuanaithe amach anseo. Tá an t-eolas a chruthaíonn Coláiste na Tríonóide ríthábhachtach d'fhorbairt eacnamaíoch na hÉireann chomh maith le mar oideachas arna thairiscint do na mic léinn.

Faigheann téamaí taighde Choláiste na Tríonóide tacaíocht ó shraith institiúidí taighde a chuireann an t-infreastruchtúr is gá chun tacú le taighde il-disciplíneach ar fáil chomh maith le caidreamh a bheidh acu le comhpháirtithe sóisialta agus fiontair a oibríonn i gcomhar leis an gceithre scoil is fichid i gColáiste na Tríonóide.

Tá príomhról ag Coláiste na Tríonóide i roinnt mórstaidéar fadaimseartha náisiúnta, lena n-áirítear taighde leanaí agus aosú, agus reáchtáilann sé ionaid náisiúnta do chomhábhar meabhrach, naineolaíocht

agus taighde cumarsáide arna tacú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) ar an gcampas. Tá mór-institiúidí taighde Choláiste na Tríonóide i réimsí mar néareolaíocht, eolaíochtaí bithleighis agus na healaíona agus na daonnachtaí bunaithe go daingean i measc ceannairí idirnáisiúnta ina réimsí. Tá páirt ghníomhach ag Coláiste na Tríonóide i gcomhfhiontair taighde shuntasacha náisiúnta mar an tIonad Náisiúnta um Thaighde Digiteach (NDRC), Míochaine Mhóilíneach Éireann (MMI) agus an Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus Oilíúint Bhithphróiseála (NIBRT).

### 4.2 Maoiniú do Thaighde

Mhéadaigh caiteachas taighde de 9% go €85.2 milliún in 2014/15, rud a léirigh rathúlacht na hOllscoile i ngradaim nua a fháil thar na blianta atá caite, go háirithe ón SFI agus ón AE. B'ionann luach na ngradam nua a ndeachaigh siad i bpáirt leo sa bhliain 2014/15 agus €105 milliún, sin ardú thart ar 57% ar luach na bliana roimhe sin, rud a thug luach iomlán na Punainne Taighde go breis agus €500 milliún.

Tá an meán-ranníocaíocht i leith chostais indíreacha ó ghníomhaíochtaí taighde de 18% fós faoi bhun an chostais iomláin eacnamaíochta atá ar an taighde a reáchtáil agus mar thoradh air seo bíonn gá an croíbhuiséad a úsáid chun fóirdheonú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht taighde. Níl an staid sin inbhuanaithe.

Bhí 1,920 cuntas gníomhach taighde ann agus thacaigh gníomhaíocht taighde le 1,400 duine sa bhliain 2014/15.

Foinse Maoinithe do Thaighde	Bliain dar críoch 30 M. F. 2015
Fondúireacht Eolaíochta Éireann	39%
Fiontar Éireann	4%
An tÚdarás um Ard-Oideachas	5%
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn	7%
Coimisiún na gComhphobal Eorpach	21%
Eile	24%





### 4.3 Rathúlacht Scoláireachta agus Ghradaim

Lean comhaltaí foirne Choláiste na Tríonóide orthu ag baint amach barr feabhais ina ngnóthachtálacha taighde agus bhain siad amach gradaim agus maoiniú náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ar na gradaim a bhain taighdeoirí Choláiste na Tríonóide amach áirítear iad seo a leanas:

Fógraíodh maoiniú €245 milliún ón rialtas agus tionscail le haghaidh cúig Ionad nua Taighde Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) ar chaighdeán domhanda i nDeireadh Fómhair 2014. Is é Coláiste na Tríonóide an institiúid cheannasach do dhá cheann de na hionaid: 'Adapt,' a bhfuil sé mar aidhm aige an tslí ina ndéanann fiontraíocht, pobail agus daoine aonair idirchaidreamh i bhfíor-am, agus 'CONNECT Centre for Future Networks & Communications,' a bhfuil sé mar aidhm aige feasacht a fhorbairt i seirbhísí líonraithe ar fud raon leathan earnálacha.

Tá taighdeoirí Choláiste na Tríonóide ag dul i bpáirtíocht le 'ICRAG,' ina ndíríonn Príomh-Iniúcháirí (PI-anna) ar an tionscail geo-eolaíochta d'fhonn cumas acmhainne na hÉireann a uasmhéadú agus cosaint á dhéanamh ar a timpeallacht, le 'Lero – an tIonad um Thaighde Bogearraí na hÉireann,' a bhfuil sé mar aidhm aige dul chun cinn innealtóireachta nua a chomhtháthú isteach i gcórais idirnasctha, athraitheacha, atá ar fáil go leanúnach, agus leis an 'Ionad Cúram um Thaighde in Feistí Leighis.' Féachann an dara ceann le feistí leighis 'cliste' a fhorbairt d'fhonn féidearthachtaí torthaí d'othar atá ag fulaingt ó ghalair ainsealacha a fheabhsú agus tacú le forbairt táirgí agus le bunú cuideachtaí nó mac-chuideachtaí.

Bhronn an Chomhairle Eorpach um Thaighde (ERC) €14.5 milliún ar ochtar taighdeoirí de chuid Choláiste na Tríonóide in 2015 as sármhaitheas sa taighde, an figiúr is airde deontas ERC a bronnadh ar aon institiúid ardoideachais in Éirinn. As seacht gcinn de Dheontais Chomhdhlúthaithe a bhronn an ERC in Éirinn i Márta 2015, bronnadh ceithre cinn ar thaighdeoirí atá bunaithe i gColáiste na Tríonóide. Cuireadh beagnach €2 mhilliún ar fáil do gach duine de na taighdeoirí: Daniel Kelly, Ollamh le hInnealtóireacht Meicniúil agus Déantúsaíochta, Stiúrthóir Ionad Bithinnealtóireachta Choláiste na Tríonóide agus PI ag an Ionad SFI, AMBER; Wolfgang Schmitt, Ollamh sa Cheimic agus PI ag AMBER; Ann Davies, Ollamh le Tíreolaíocht; agus Ruth Britto, Ollamh Cúnta le Glanmhatamaitic agus Matamaitic Fheidhmeach a chuirfidh ar a gcumas a gcuid foirne taighde a chomhdhlúthú agus taighde nuálach a fhorbairt. Ina theannta sin, bronnadh deontais tosaigh ERC arbh fhiú beagnach €1.5 milliún an ceann iad ar thriúr taighdeoirí as Coláiste na Tríonóide; Mark Ahearne, Comhalta

Taighde le hInnealtóireacht Meicniúil agus Déantúsaíochta; Sarah McCormack, Ollamh Cúnta le hInnealtóireacht Shibhialta; agus Redmond O'Connell, Ollamh Cúnta Ussher le Néareolaíocht Shóisialta. Bhí na deontais sin dírithe ar chabhrú le taighdeoirí i dtús a ngairmeacha a gcumas iomlán a fhorbairt.

I mí Iúil 2015, bronnadh Ard Deontas ERC de luach €2.5 ar Poul Holm, Ollamh le Stair na Timpeallachta. Is é seo an t-aon Ard Deontas ERC a bronnadh in Éirinn agus is ionann sin agus an uasmhéid maoinithe atá ar fáil do dhuine aonair. Tá an ERC mar chuid den chlár Taighde agus Nuálaíochta an AE, Horizon 2020.

Bhí Coláiste na Tríonóide mar chomhpháirtí lárnach in dhá thairiscint rathúil arbh fhiú na milliúin iad chun dul i ngleic le haosú agus le hinbhuanaitheacht. I mí na Nollag 2014, d'fhógair an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) na cuibhreannais ar éirigh leo le haghaidh dhá Phobal Eolais agus Nuálaíochta (KICanna) – comhpháirtíochtaí mórscaála d'institiúidí acadúla agus geallsealbhoirí nuálaíochta. Tugann InnoLife (Sláinte EIT) agus RawMatTERS (Amhábhair EIT) os cionn 150 comhpháirtí ó 20 Ballstát AE le chéile chun nuálaíocht a threisiú agus dul i ngleic le sláinte agus amhábhair.

Fuair Coláiste na Tríonóide €4.7 milliún trí Chlár Iniúcháirí SFI le haghaidh cúig cinn d'ollthionscadail taighde amach as 23 dámhachtain. Tá sé mar aidhm ag Clár Iniúcháirí SFI tionchar a ghiniúint d'Éirinn, ó thaobh na sochaí agus na heacnamaíochta de, trí thacú le taighde eolaíochta den scoth. Seo a leanas na faighteoirí: An tOllamh Anne-Marie Healy, Scoil na Cógaisíochta agus na nEolaíochtaí Cógaisíochta, an tOllamh Séamus Martin, An Scoil Géineolaíochta agus Micribhitheolaíochta, an tOllamh Michael Rowan, Scoil an Leighis agus TCIN, an Dr. Marco Ruffini, Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta agus na Staitisticí agus CTVR agus an tOllamh Prof Stefano Sanvito, Scoil na Fisice agus CRANN.

Fuair dhá thionscadal déag taighde ó Scoil Leighis na Tríonóide €3.8 milliún in iomlán de mhaoiniú nuair a d'fhógair an Bord Taighde Sláinte agus an tAire Sláinte €13.5 milliún le haghaidh taighde ar ailse, antaibheathaigh agus cóireálacha ríthábhachtacha eile i mí na Samhna 2014. Bronnadh na dámhachtainí ar réimsí tionscadail taighde ar fud na Scoile Leighis lena n-áirítear aosú, árachas sláinte, dúlagar, ailse, fadhb óil, airtríteas réamatóideach, neamhoird fola, galar Alzheimer, soiriáis, ionfhabhtaithe goile agus Galachtóisíme.



Baill nua Acadamh Ríoga na hÉireann as Coláiste na Tríonóide, an tOllamh David Coleman (an chéad duine ar chlé), an tOllamh Orla Hardiman agus an tOllamh Jonathan Nesbitt Coleman leis an Ollamh Mary E Daly, Uachtarán Acadamh Ríoga na hÉireann (an dara duine ón deas) agus an tOllamh Ruth Byrne (an dara duine ón gclé)

Bhuaigh Ollamh Taighde ERC i Scoileanna na Ceimice agus na Fisce agus PI ag AMBER, Valeria Nicolosi, deontas 'Cruthúnas ar Choincheap' ón ERC i mí Eanáir 2015. Cuirtear an €150,000 ar fáil chun an bhearna idir taighde nanaitheicneolaíochta beag beann ar theorainneacha agus forbairt feidhmeanna tráchtála gaolmhara a laghdú. Tá an tOllamh Nicolosi ag baint úsáide as an deontas dá tionscadal dár teideal 'Ink-Jet printed supercapacitors based on 2D nanomaterials'.

Chláraigh Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA) triúr ball d'acadóirí Choláiste na Tríonóide ina gcomhaltá nua in 2015 ar aitheantas ar an méid a chuir siad le heolaíocht agus na daonnachtaí: David Coleman, Ollamh agus Cathaoirleach le Micribhitheolaíocht Béil agus Fheidhmeach ag Scoil na hEolaíochta Déadaí, Jonathan Coleman, Ollamh le Físic Cheimiceach agus Príomh-PI in Ionad SFI-mhaoinithe AMBER, agus Orla Hardiman, Ollamh le Néareolaíocht agus Stiúrthóir Acacúil Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide. Tá toghadh aon duine ar an RIA ar an onóir acadúil is airde in Éirinn agus is aitheantas poiblí é as a bhfuil bainte amach go hacadúil ag duine.

Tá an brainse Éireannach de thionscadal domhanda a dhéanfaidh iniúchadh ollmhór ar na mílte próifíl DNA chun cúiseanna géiniteacha leis an nGalar Néarón Luadrach (MND) a fháil amach seolta in Éirinn ag foireann néareolaithe agus ghéineolaithe an Ollaimh Orla Hardiman i gColáiste na Tríonóide i mí na Nollag 2014. Tá eolaithe cinnte go bhfuil bunús géiniteach le formhór na gcineálacha MND agus tá tús curtha ag foireann comhoibríthe idirnáisiúnta, lena n-áirítear foireann ó Aonad Acadúil na Néareolaíochta nuabhunaithe, le tionscadal mapála ghéinitigh dár teideal Project MinE, a dhéanfaidh mapáil ar DNA ó 15,000 duine ar an laghad a bhfuil MND orthu agus 7,500 duine faoi smacht (daoine sláintiúla nach bhfuil an galar orthu). Tá sé beartaithe ag

foireann Néareolaíochta Choláiste na Tríonóide 400 géanóm (próifíl iomlána DNA) ar an laghad ó othair MND agus os cionn 200 géanóm faoi smacht ó gach áit sa tír a chur in ord.

Bronnadh bonn Chónaidhm Eorpach um Chumainn Imdhíoneolaíochta ar Luke O'Neill as a bheith ina 'Imdhíoneolaí Eorpach den scoth' i nDeireadh Fómhair 2014. Cumann Imdhíoneolaíochta na Gearmáine a thug ainmniúchán dó.

Bronnadh Bonn Boyle an RDS Irish Times le haghaidh Scoth na hEolaíochta ar an Ollamh le Géineolaíocht Leighis in Institiúid Géineolaíochta Smurfit, Seamus Martin, as an tuiscint ar ailse agus riochtaí uath-imdhíonachta a fheabhsú. Roghnaíodh an tOllamh Martin as a chuid oibre ceannródaíoch maidir le bitheolaíocht mhóilíneach agus imdhíoneolaíocht atá tar éis cur go mór le tuiscint an domhain ar conas a dhéantar bás ceall a rialú inar gcolainn agus dóigh nach bhfeidhmíonn sé sin i gcásanna ailse, riochtaí uath-imdhíonachta agus an galar Parkinson.

Bronnadh Gradam Nuálaíochta Teicneolaíochta 2014 ar fhoireann agus mic léinn Scoil na hInnealtóireachta as fréamhshamhail róbait a dhearadh chun cabhrú le déagóir a rugadh gan ghéaga gnáth-thascanna laethúla a dhéanamh. Fuarthas an gradam ag Gradaim bhliantúil Shármhaitheasa Innealtóirí Éireann. Chruthaigh foireann de chuid Choláiste na Tríonóide an róbat cúnta, ar a dtugtar 'Robbie' i ndiaidh dóibh iarratas a fháil ó dhéagóir as Corcaigh, Joanne O'Riordan, a bhfuil an riocht neamhchoitianta ar a dtugtar Total Amelia ag dul di, ag iarraidh ar duine éigin róbat a dhéanamh di a chabhródh léi gnáthshaol a bheith aici.

Bhuaigh taighdeoirí as Coláiste na Tríonóide a bhí taobh thiar d'fheachtas rochtana eolaíochta nuálaíoch a thaispeáin domhan aisteach na fisice do chomaitéirí an DART i mBaile Átha Cliath gradam Realex Fire Web 2014 as an 'láithreán gréasáin oideachais agus tríú leibhéal is fearr' a tháirgeadh dá bhfeachtas DARTofPhysics. In 2013, spreag DARTofPhysics spéis chomaitéirí an DART trí fhógraí a bhain le fisic a chur ar thraein an DART i mBaile Átha Cliath agus a d'fhág iad ag machnamh faoi fheiniméin na fisice agus iad ar a mbealach chun na hoibre, agus bhí siad in ann leanúint den turas sin ar láithreán gréasáin an fheachtais – dartofphysics.ie.

Mar thoradh ar an tionscadal DARTofPhysics bhain an Dr. Shane Bergin, Scoil na Fisice agus CRANN dámhachtain mhórgníomh Marie Skłodowska-Curie an Choimisiúin Eorpaigh amach mar aitheantas ar an méid a rinne sé chun eolaíocht a roinnt ar bhealach spráúil agus tarraingteach agus as meantóireacht a dhéanamh ar an gcéad ghlúin eolaithe eile.





Bhain Ollamh na hImdhíoneolaíochta Comparáidí, Cliona O'Farrelly, Gradam Nature 2014 amach as Meantóireacht a dhéanamh san Eolaíocht ag cruinniú mullaigh an SFI 2014. Tionóllann an t-irisleabhar idirnáisiúnta mór le rá Nature na gradaim seo ar bhonn bliantúil chun an tábhacht a bhaineann le meantóireacht a dhéanamh agus spreagadh a thabhairt don chéad ghlúin eile de thaighdeoirí óga.

Bhuaigh Tionscadal faoi stiúir an Ollaimh le Leigheas Móilíneach agus Aistritheach, Yuri Volkov, Scoil an Leighis agus Iniúcháir AMBER agus an Dr. Adrielle Prina-Mello, Roinn an Leighis Chliniciúil agus Iniúcháir AMBER an comórtas FutureFlash! don Tionscadal is Fearr ag an gCoinbhinsiún nanaitheicneolaíochta is mó san Eoraip an EuroNanoForum 2015 sa Laitvia, ina raibh siad san iomaíocht i gcoinne os cionn 1000 tionscadal sa réimse seo. Is éard atá i gceist leis an tionscadal a bhuaigh, ar a dtugtar NAMDIATREAM, uirlisí nanaitheicneolaíocht-bhunaithe a fhorbairt ionas gur féidir bithmharcóirí móilíneacha de na cineálacha is coitianta ailse agus d'aile atá scaipthe a bhrath go luath agus íomháú a dhéanamh orthu. Cuidíonn sé chomh maith leis na cealla a léiríonn go bhfuil galar ina thus a aithint.

Bhí Fusion, taispeántas inar léirigh Coláiste na Tríonóide an taighde den chéad scoth a dhéanann sé, ar siúl ag imeacht speisialta i mBostún i mBealtaine 2015. In éineacht leis an bPropast ag an imeacht bhí an tAire Oideachais agus Scileanna. Ag teacht le cultúr nuálaíochta leanúnach Choláiste na Tríonóide, tharraing Fusion ar thaighde cheannródaíoch i Stair na hÉireann, Imdhíoneolaíocht, Aosú, Teicneolaíochtaí Cruthaitheacha, Naineolaíocht agus Eolaíochtaí Sóisialta arna gcur i láthair ag roinnt de phríomhacadóirí Choláiste na Tríonóide i stíl tharraingteach TEDx. Chuir sé tionchar domhanda, sochaíoch agus eacnamaíoch na taighde seo i láthair i suíomh saineiúil sna SA.

Bhí beirt de lucht acadúil Choláiste na Tríonóide i measc na chéad daoine a fuair na gradaim 'Laoch Teagaisc' 2014 in Ardoideachas na hÉireann i mí Dheireadh Fómhair 2014. Tugadh aitheantas don Dr Nicola Marples, Roinn na Zó-eolaíochta, Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha agus don Ollamh Stephen Connon, Scoil na Ceimice, mar Laochra Teagaisc ag a gcuid mac léinn sna chéad Ghradaim Náisiúnta Laochra Múinteoireachta. An Fóram Náisiúnta um Fheabhsú i dTeagasc agus Foghlaim san Ard-Oideachas, i gcomhar le hAontas na Mac Léinn in Éirinn agus le comhlachtaí mac léinn eile a bhunaigh na gradaim chun taithí mac léinn ar theagasc as cuimse a aithint agus a cheiliúradh i ngach institiúid ardoideachais.

Bronnadh an 'Institute of Chemistry of Ireland Annual Award for Chemistry' 2014 ar an Ollamh Thorri Gunnlaugsson, Scoil na Ceimice agus Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide. Bronntar an gradam seo gach bliain ar cheimiceoir mór le rá a bhfuil cáil idirnáisiúnta air nó uirthi, atá in ann an tábhacht a bhaineann leis an gceimic agus leis an taighde ceimice maidir leis an saol ó lá go lá a chur in iúl.

Thomas Guillerme, taighdeoir sa Roinn Zó-eolaíochta, a bhuaigh a roinn i gComórtas Grianghrafadóireachta an British Ecological Society 2014. Feictear sa ghrianghraf dá chuid a tháinig sa chéad áit sé bhoinn Dé bailithe go dlúth le chéile ar chuaille fál sreinge deilgní lá breá fuar Eanáir i Sléibhte Chill Mhantáin.

Foireann agus mic léinn Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha a bhuaigh an gradam 'An Blag Eolaíochta agus Teicneolaíochta is Fearr' ag na Irish Blog Awards as an rannpháirtíocht ar líne a dhéanann siad mar 'EcoEvo@TCD' ([www.ecoevoblog.com](http://www.ecoevoblog.com)). Cuimsíonn an blag réimse leathan nuachta eolaíochta agus taighde faoin éiceolaíocht agus faoi éabhlóid agus tugann nuashonruithe rialta ar an taighde a bhíonn ar siúl sa Scoil i réimsí éagsúla, lena n-áirítear líonraí pailneoirí plandaí, iompar ainmhithe, seadeolaíocht, cobhsaíocht éiceachórais, pailé-ointeolaíocht agus taighde ar bhithéagsúlacht.

I mí Aibreáin 2015 bhronn an Propast, an Dr Patrick Prendergast, na chéad Ghradaim Rannpháirtíochta Domhanda, mar aitheantas ar an méid a chuir baill foirne le hoideachas domhanda, tuiscint ar an gcultúr agus eispéiris dhomhanda a mbíonn chun tairbhe dhíreach do phobal Choláiste na Tríonóide. Bronnadh na gradaim ar an Dr Roger West, Scoil na hInnealtóireachta, an Dr Lorna Carson, Lárionad Léann na hÁise i gColáiste na Tríonóide agus ar an Ollamh Mac MacLachlan, Lárionad Choláiste na Tríonóide do Shláinte Domhanda.

Bhronn An Clár um Chaighdeán Músaem in Éirinn creidiúnú iomlán ar Mhúsaem Gheolaíochta Choláiste na Tríonóide i mí Iúil 2015. Is é an músaem seo an chéad cheann a fuair an gradam luachmhar seo ón gComhairle Oidhreachta, a bhronn an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta air. Thug 8,000 duine as 15 thír cuairt ar an músaem in 2014/15.



Lucht faighte Ghradaim Rannpháirtíochta Domhanda 2015 de chuid Choláiste na Tríonóide, an tOllamh Mac MacLachlan, an Dr Lorna Carson agus an Dr Roger West



## 5. Nuálaíocht agus Tráchtálú

Spreagann agus bainistíonn Nuálaíocht & Taighde Choláiste na Tríonóide (TR&I) an comhéadan idir taighdeoirí Choláiste na Tríonóide, gníomhaireachtaí maoinithe agus tionscail tríd an Oifig Forbartha Taighde, Oifig na gConarthaí, Oifig na gComhpháirtíochta Corparáidí agus Malartaithe Faisnéise, agus an Oifig Fiontraíochta.

Bunaíodh Oifig na Comhpháirtíochta Corparáidí agus Malairte Eolais (OCPKE) i Márta 2014 chun rannpháirtíocht mhéadaithe le tionscal a éascú. Is é sainordú OCPKE Straitéis Rannpháirtíochta Tionscail nua Choláiste na Tríonóide a chur i bhfeidhm anuas ar fheidhmeanna na hoifige aistrithe teicneolaíochta (TTO) atá ann cheana, ar fheidhmeanna bainistíochta agus saothraithe tráchtála iomchuí den Mhaoin Intleachtúil (IP) taighde-dhíorthaithe iad, agus cruthú cuideachtaí campais a chothú.

### 5.1 Maoiniú Taighde

I rith na bliana acadúla 2014/15, thacaigh an Oifig Forbartha Taighde le 1,320 iarratas ar thaighde maoinithe lenar bhain luach beagnach €444.6 milliún (gan forchostais institiúide ó SFI agus EI san áireamh).

Sa tréimhse chéanna, shínigh an Oifig Chonarthaí 712 conradh nua taighde ar luach iomlán €119.8 milliún, agus bhronn Coláiste na Tríonóide 194 conradh (luach €36.6 milliún) d'aonáin sheachtracha.

### 5.2 Maoin Intleachtúil

Fuair an OCPKE 53 nochtadh maoine intleachtúla nua arna gcruthú ag taighdeoirí Choláiste na Tríonóide, rinne 18 iarratas nua paitinn a chomhdú agus dheonaigh 23 ceadúnas tráchtálaithe. Ceadaiodh trí chuideachta nua campais de chuid Choláiste na Tríonóide. Tugadh caoga cúig comhaontú taighde comhoibríocha chun críche agus chuir comhpháirtithe tionscail €25,000 ar fáil le haghaidh gach comhaontú taighde comhoibríoch.

### 5.4 Launchbox

Ghlac aon fhoireann déag d'fhiontraithe nua páirt i Launchbox, clár luasaire nuabhunaithe do mhic léinn Choláiste na Tríonóide, atá anois ina thrú bliain. Fuair ocht bhfoireann maoiniú, chomh maith le spás oifige agus meantóireacht ó fhiontraithe rathúla. Fuair trí fhoireann nuathionscanta tacaíocht cláir gan an maoiniú. Bhí rochtain ag gach fhoireann ar spás agus áiseanna chun a bhfiontar nua a thástáil. Dhírigh an clár luasaire ar bhailíochtú táirgí, forbairt táirge agus straitéis don todhchaí. Leathnaíodh Launchbox ó bheith ina luasaire trí mhí go dtí clár 12 mhí, ina bhfuil sraith 'ceardlann smaointe' agus gné réamh-luasaire chun cabhrú le foirne iarratasóra ionchasacha dul i mbun forbartha ón smaoinemh bunaidh go dtí céim fréamhshamhla. Tá LaunchBox a thacú ag 'Aingil' Choláiste na Tríonóide (líonra gnó comhdhéanta de alumni agus cairde Choláiste na Tríonóide) agus Citi Group, urraitheoirí Chlár 2015.



Francis Yates, John O'Reilly agus Joseph Lanzillota ase Blazer, clár LaunchBox 2015

	2012/13	2013/14	2014/15
Foirm noхта aireagáin	48	58	53
Paitinní	16	23	18
Ceadúnais	9	30	23
Cuideachtaí Campais nó Mac-Chuideachtaí	5	4	3



## 6. Acmhainní Daonna

Le linn 2014/15 tháinig athrú suntasach ar an aonad Acmhainní Daonna (AD) chun infrastruchtúr agus cumas na feidhme tacú le plean straitéiseach na hOllscoile a fhorbairt. B'éigean athbhreithniú agus athailíniú a dhéanamh ar an Straitéis AD agus athstruchtúrú a dhéanamh ar an bhfoireann HR. Leabaíodh Múnla nua Oibríochta AD ina bhfuil trí chomhchuid: Ionaid Saineolais, Oibríochtaí AD agus Comhpháirtithe AD. Ina theannta sin, d'aistrigh foireann an Rannáin Seirbhísí Airgeadais go dtí Acmhainní Daonna.

Seoladh Ionad Seirbhísí AD 'ilfhreastail' nua i mí Iúil 2015, rud a réitigh naoi gcinn de cheisteanna as deich láithreach. Chuir AD tacaíocht acmhainne maidir le hathrú gairmiúil ar fáil le linn na bliana do raon leathan tionscadail athruithe ar fud an champais chomh maith le harduithe céime, ionduchtú, oiliúint, promhadh agus scor a láimhseáil.

An príomhdhúshlán a bhí ann ná a chinntiú gur comhlíonadh riachtanais caipitil daonna na hOllscoile ar bhealach a thacaigh le fás agus a chuir seirbhís ar fáil ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí ó thaobh costais; is aistear é seo a leanfar leis in 2015/16 agus níos faide ná sin.

### 6.1 Foireann na hOllscoile

Dhéileáil an Rannóg Earcaíochta agus Conarthaí le ceapacháin thar an raon iomlán gníomhaíochta sa Choláiste, ó Ollúnachtaí, ceapacháin acadúla agus Léachtóirí-Comhairleacha Shinsearacha go baille foirne den ghrád feidhmiúcháin, riaracháin agus teicniúil, lena áiríodh ceapacháin in aonaid tacaíochta acadúla, saoráidí agus seirbhísí do mhic léinn. Rinneadh bainistíocht ar dhá chéad nócha dó comórtas earcaíochta chun 300 post a líonadh, méadú 51 ón mbliain acadúil roimhe sin. Ag deireadh na bliana, líonadh 275 post - ráta rathúlachta 92% (agus bhí údair éagsúla ann nár tharla comórtas, mar shampla, tarraingíodh ocht gcomórtas siar i rith an phróisis, níor éirigh le hiarrthóir ar bith i 15 chomórtas agus dhiúltaigh beirt iarrthóirí tairiscint fostaíochta).

Ba chóir a thabhairt ar aird, mar ab amhlaidh le blianta roimhe seo, gur tharla an ghníomhaíocht earcaíochta sin i gcomhthéacs (a) gach ceadú a bheith measta i gcomhthéacs na bhforálacha ginearálta den Chreat

Rialaithe Fostaíochta (ECF) i dtaobh poist atá riachtanach, agus (b) gur bhain an Ollscoil amach na laghduithe a theastaigh ón ECF i gcroí-leibhéal foirne de 1,656 post lánaimseartha combhionanna faoi mhí na Nollag 2014, laghdú breise de 11 FTE ar sprioc 2013.

Chuaigh an ECF in éag i mí na Nollag 2014 agus níor eisigh an HEA aon sprioc don Ollscoil ó thaobh baille foirne a fhostú. Beidh feidhm i gcónaí le prionsabail an ECF. Cuireadh forálacha Chomhaontú Bhóthar Haddington ar choigeartuithe ar thuarastal, ar dhul chun cinn incriminteach, asbhaint maidir le pinsin, rátaí ragoibre, íocaíochtaí scrúdaithe agus uaireanta oibre breise i bhfeidhm sa tréimhse seo.

### 6.2 Ceapacháin Ollúna

Ba bhliain ghnóthach a bhí in 2014/15 ó thaobh earcaíochta gairmiúil. Ceapadh Ollúna ar feadh na hOllscoile. Thosaigh beirt Ollúna nua i nDámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta, Ollamh nua le Ceol agus Ollamh nua le Staidéar Gnó ag tús Eanáir 2015 agus thosaigh Ollamh nua i nDámh na nEolaíochtaí Sláinte, Ollamh le Leigheas Cliniciúil, in 2014/15. D'éirigh le Dámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta trí phost nua a earcú: beirt Ollamh i gCórais Ríomhaireachta agus Ollamh i gCeimic Neamhorgánach, na daoine a ceapadh ag tosú sa bhliain acadúil 2014/15.

### 6.3 Poist Riaracháin Shinsearacha

Rinneadh trí cheapachán riaracháin shinsearacha in 2014/15 agus thosaigh beirt i mbun oibre i rith na tréimhse sin: an Phríomhoifigeach Oibriúcháin agus an Stiúrthóir Gnóthaí Poiblí agus Cumarsáide. Tugadh earcaíocht le haghaidh Stiúrthóir Acmhainní Daonna nua chun críche i rith na tréimhse seo agus thosaigh an té a ceapadh sa bhliain nua acadúil 2015/16.





## 7. Tionscnaimh Ollscoile agus Príomhimeachtaí

Bhí roinnt tionscnamh nua agus príomhimeachtaí i gColáiste na Tríonóide i rith na bliana acadúla 2014/15.

Sheol an Taoiseach, Enda Kenny, TD, Plean Straitéiseach nua Choláiste na Tríonóide i mí Dheireadh Fómhair 2014 a bhfuil sé mar sprioc aige ceannaire domhanda a dhéanamh d'Éirinn i dtéarmaí oideachais, taighde agus nuálaíochta, chun cruthú post a chumasú. €600 milliún a chosnóidh an plean cúig bliana agus is trí mhaoiniú neamh-státchiste, go mór, a mhaoiníofar é. Is iad cuspóirí an phlean cur le rolluithe mac léinn ó lasmuigh den AE ó 1,580 go dtí beagnach 3,000, áiteanna cónaithe mac léinn nua do 2,000 mac léinn, cur leis an líon foghlaimeoirí ar líne go dtí 1,000 agus tionscnóir do na healaíona cruthaitheacha a dhéanamh de Choláiste na Tríonóide i gcathair Bhaile Átha Cliath, chomh maith le trí thionscadal caipitil ollmhóra nua a fhorbairt: Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide; E3 – An Institiúid Innealtóireachta, Fuinnimh agus Comhshaoil; agus an Institiúid Ailse ag Ospidéal San Séamais, a chuirfidh an scoth sa taighde chun cinn chun leasa na sochaí. Cuimsíonn na naoi sprioc sa phlean ár gcuid gealltanas go léir i dtaighde, oideachas, nuálaíocht agus fiontraíocht, na healaíona cruthaitheacha agus caidreamh domhanda, agus rannpháirtíocht phoiblí agus phobail.

In ómós do na mic léinn, baill foirne agus alumni de chuid Choláiste na Tríonóide a bhásaigh sa Chéad Chogadh Domhanda, nochtadh leacht cuimhneacháin ag an Halla Onóra, an Chearnóg Thosaigh, ag searmanas speisialta i Meán Fómhair 2015. Throid na mílte mac léinn, ball foirne agus alumni de chuid Choláiste na Tríonóide agus fuair 471 bás i seirbhís mhíleata le linn an Chogaidh Mhóir. Cuimhnítear ar na daoine sin a bhásaigh sa Halla Onóra i gColáiste na Tríonóide, atá mar bhealach isteach freisin chuig Seomra Léitheoireachta 1937. Cinneadh gur mbeadh mar cheann de na príomh-imeachtaí i nDeich mBliana na gCuimhneachán san Ollscoil leacht cuimhneacháin a choimisiúnú, a shuiteáil agus a nochtadh os comhair an Halla Onóra, chun aird a tharraingt ar nádúr an fhoirgnimh taobh thiar de.

Seoladh Dúshlán Cruthaitheach Choláiste na Tríonóide san earrach. Iarradh ar ealaíontóirí tionscadail idirdhisciplíneacha dírithe ar Choláiste na Tríonóide a mholadh, a bheadh mar aidhm leo na healaíona i gcathair Bhaile Átha Cliath a thionscain agus tacú leis an earnáil cruthaitheach agus tionscal cultúir a fhorbairt. Roghnaíodh cúig thogra as níos mó ná 140 iarratas chun an

dámhachtain €40,000 a roinnt. Áirítear sna cúig thionscadal taibhiú, amharcealaíon, ceol, scannán, dearadh, meáin nua, beochan, cluichíocht agus teicneolaíochtaí cruthaitheacha. Tá comhoibriú le Coláiste na Tríonóide i gceist le gach ceann acu.

I mí Iúil 2015, d'fhógair Blackstone Charitable Foundation go ndéanfadh sé a chlár fiontraíochta ar an gcampas, Blackstone LaunchPad, a leathadh amach go hidirnáisiúnta trína thabhairt go hÉirinn. Bronnfar deontas €2 mhiliún thar thrí bliana lena bhunófar comhpháirtíocht idir OÉ Gaillimh, Coláiste na Tríonóide agus COC, chun fiontraíocht a chur i láthair mar rogha gairme inmharthana agus chun líonra cóitseálaithe fiontair agus córas tacaíochta fiontraíochta a chur ar fáil do bhreis is 50,000 mac léinn, beag beann ar an gcúrsa atá ar bun acu. An Taoiseach, Enda Kenny TD agus Ambasadóir na Stát Aontaithe chun na hÉireann, Kevin O'Malley, a thug an fógra i gColáiste na Tríonóide. Beidh láithreach fhisiciúil ag Blackstone LaunchPad ar gach campas ollscoile agus beidh rochtain ar Ardán Teicneolaíochta an Líonra Domhanda. Mar sin, féadfaidh an clár tuairim is 1,500 fiontar nua agus 3,700 post nua a chruthú ar fud na hÉireann sna cúig bliana amach romhainn.

Rinne Coláiste na Tríonóide an 500ú nochtadh aireagán a cheiliúradh i mí Dheireadh Fómhair 2014 ag ócáid speisialta a thaispeáin an tionchar a bhí ag roinnt de na haireagáin is tábhachtaí agus an poitéinseal a bhaineann leis na teicneolaíochtaí aireagáin is déanaí. An tAire Scileanna, Taighde agus Nuálaíochta, Damien English, a d'oscail an ócáid taispeántais.

Bailíodh os cionn €1.6 milliún trí dhúshlán an Bhuicéid Leac Oighir a raibh an-tóir air in 2014. Beartaíodh go dtabharfaí 25% den tsuim a bhaileofaí do ghrúpa taighde Choláiste na Tríonóide ar an nGalar Néarón Luadrach (MND), faoi stiúir an Ollaimh Orla Hardiman. Déanann an grúpa, a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta faighte aige, taighde cliniciúil ar chúiseanna agus cóir leighis maidir le MND. I mí Eanáir 2015, áfach, chinn an Irish Motor Neurone Disease Association €600,000 - os cionn 37.5% den mhéid iomlán a bailíodh - a chur ar fáil don Ollamh Hardiman agus dá foireann i gColáiste na Tríonóide chun taighde cliniciúil a dhéanamh ar chúiseanna agus cóir leighis maidir le MND. Tá an galar ar thart ar 300 Éireannach, agus tuairiscítear tuairim is 110 cás nua gach bliain. Is galar millteanach é a chuireann meath dostoptha ar na néaróin luadracha. De ghnáth, faigheann daoine bás laistigh de thrí bliana ón tráth a dtagann na chéad siomptóim orthu.



Maidin an 20 Márta 2015, bhailigh na céadta i gCearnóg Thosaigh Choláiste na Tríonóide chun urú na gréine beagnach iomlán a fheiceáil. An tOllamh comhlach le Fisic, Peter Gallagher agus a chomhghleacaithe a d'eagraigh ECLIPSE 2015. D'ainneoin na drochaimsire, chonaic an slua páirturú, a bhuíochas de theileascóip ardteicneolaíochta agus spéaclaí gréine a dearadh go speisialta don urú.

I measc na n-imeachtaí a eagraítear i gcomhar le himeachtaí náisiúnta bhí Oíche Cultúir i Meán Fómhair, nuair a cuireadh fáilte roimh dhaoine ar champas Choláiste na Tríonóide agus Teach Oscailte i nDeireadh Fómhair. Mar chuid d'fhéile Oíche Chinn Bliana Bhaile Átha Cliath, rinneadh façade thosaigh Choláiste na Tríonóide a lasadh suas le soilse beochana. Rinneadh an rud céanna arís Lá Fhéile Pádraig.



Panti Bliss ag seoladh oifigiúil Discover Research Dublin 2015

D'oscail Panti Bliss Geata Tosaigh cáiliúil Choláiste na Tríonóide chun Discover Research Dublin 2015 a oscailt go hoifigiúil. Coláiste na Tríonóide agus Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn a d'eagraigh an ócáid, a thug deis don phobal mionscrúdú a dhéanamh ar dhomhan an taighde. Bhí 66 taispeántas ar leithligh ann agus iad i bhformáidí éagsúla, idir dhigiteach agus traidisiúnta. Bhí rud éigin spéisiúil do chách ag Discover Research Dublin, mar shampla: Amharcléirithe 3D ar an inchinn, amharcléirithe daite ar cheol á sheinm le huirlisí maignéadaithe,

turgnaimh fíor-ama lena fháil amach cé na baictéir a chónaíonn inár mbéil, an méid a dhéantar in Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide agus go leor eile.

Chruinnigh 1,300 ceannaire óg ó ar fud an domhain i mBaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair 2014 don *One Young World Summit*, chun réitigh nuálacha ar dhúshláin reatha domhanda a cheapadh, a roinnt agus a phlé. Bhí Coláiste na Tríonóide ar cheann de chomhpháirtithe oifigiúla an Chruinnithe Mullaigh, agus réachtáil dhá sheisiún ceardlainne ar an gcampas, ceann ar fhiontraíocht óige agus ceann eile i gcomhar leis an nGailearaí Eolaíochta.

Chuir Coláiste na Tríonóide fáilte roimh go leor daoine mór le rá i rith na bliana, iad ar chuairoteanna ar leithligh. Ina measc bhí Uachtarán na Gearmáine, Joachim Gauck i mí Iúil, mar chuid de chuairt stáit trí lá ar Éirinn, Príomh-Aire na Fraince, Manuel Valls, Ceann Comhairle Theach Ionadaithe na Stát Aontaithe, John Boehner, Príomh-Rúnaí Riarachán Hong Cong, Carrie Lam Uasal, an spásaire an Ceannasaí Chris Hadfield, agus go leor ambasadóirí.

Seoladh Career Pathways, seirbhís aistrithe chun na fostaíochta do mhic léinn agus céimithe faoi mhíchumas. Arna bhunú ag an tSeirbhís Mhíchumais agus ag an tSeirbhís Gairmthreorach agus le tacú ó Chiste Iontaobhais Genio, leathadh an tseirbhís seo amach chuig institiúidí ardoideachais eile. An cuspóir atá le Career Pathways ná a chur ar chumas na mac léinn faoi mhíchumas machnamh a dhéanamh ar a dtaithe oibre sa choláiste; scrúdú a dhéanamh ar a roghanna gairme; cur leis an bhfeasacht atá acu ar a riachtanais féin; agus tacú leo a míchumas a bhainistiú san áit oibre.

I mí Dheireadh Fómhair 2014, cheannaigh Leabharlann Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath an bailiúchán is mó riamh de litreacha Samuel Beckett (347) a bhí le díol go poiblí. Is ann atá an bailiúchán is mó de litreacha Beckett in aon leabharlann taighde ar domhan.



*Seamus Heaney, Ollamh le Scríbhneoireacht na hÉireann, an tOllamh Chris Morash, Coimeádaí na Leabhar Clóite, an Dr Bernard Meehan agus Leabharlannaí agus Cartlannaí an Choláiste, Helen Shenton, le roinnt de litreacha Samuel Beckett a cheannaigh Leabharlann Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath.*

I mí Feabhra 2015, shínigh Coláiste na Tríonóide cairt náisiúnta agus thug gealltanas go ndéanfadh sé comhionannas inscne a chur chun cinn agus gairmeacha na mban i bhfostaíocht acadúil san eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, matamaitic agus leigheas (STEMM) a bhrú chun cinn. I dtionscnamh náisiúnta ollmhór le tacaíocht ón Údarás um Ard-Oideachais, leathnaíodh an Chairt Athena SWAN go hÉirinn nuair a chuaigh Coláiste na Tríonóide isteach le sé ollscoil eile in Éirinn, chomh maith le 14 institiúid teicneolaíochta agus Coláiste Ríoga na Máinleá, trí chlárú leis an gcairt.

Tionóladh an chéad ‘Seachtain Feasachta sa Choláiste’, náisiúnta, arna bhunú ag Bainisteoir Clár TAP, Kathleen O’Toole-Brennan, i mí na Samhna 2014. Feachtas ardú feasachta é seo a raibh scoileanna, leabharlanna, gnólachtaí agus institiúidí breisoideachais agus ardoideachais páirteach ann. Eagraíodh breis is 360 gníomhaíocht i rith na seachtaine agus labhair an Tánaiste ag an seoladh. Bhí ceannaireacht ilearnálach páirteach san fheachtas, ina measc an HEA, NAPD agus IBEC.

Faoi cheannas Choláiste na Tríonóide, tugtar spreagadh do gach duine leis an acmhainn ar líne dar teideal, ‘Hello Brian’, sláinte na hinchinne a fheabhsú, trí fhíseáin ghearra siamsaíochta, feachtas ar na meáin shóisialta agus aip fóin

chliste ar a bhfuil gníomhaíochtaí a threisíonn an inchinn. Seoladh an láithreán gréasáin nuálaíoch, ilteangach a chuireann sláinte inchine chun cinn i Meán Fómhair 2014 mar chuid de thionscnamh nua de chuid an Choimisiúin Eorpaigh chun an tionchar a bhíonn ag taighde inchine ar an tsochaí a mhéadú. Tá an feachtas ag cabhrú leis an bpobal tuiscint a fháil ar an tslí a n-oibríonn a n-inchinn agus ar an méid atá a fháil amach ag an eolaíocht, agus ag ardú feasacht an phobail ar an tábhacht a bhaineann le hinfeistiú a dhéanamh i sláinte inchine chun tacú le maireachtáil neamhspleách sa tseanaois.

Chruthaigh foireann staraithe agus nuálaithe oideachais i gColáiste na Tríonóide, Bridge 21, acmhainn staire nua ar líne dar teideal ‘1641 Depositions Bridge 21 Website’ do mhic léinn dara leibhéal. Sheol Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Scileanna, Seán Ó Foghlú, an láithreán gréasáin, ina bhfuil gníomhaíochtaí foghlama na 21ú hAois maidir le Teistíochtaí 1641, ceann de na foinsí is conspóidí i nua-stair na hÉireann. Tá na Teistíochtaí comhdhéanta de 8,000 ráiteas finné a tógadh sna 1640idí agus sna 1650s – tréimhse ina raibh foréigean dian ar siúl ar fud oileán na hÉireann. Tá an láithreán gréasáin deartha le Teistíochtaí 1641 a thabhairt isteach sa seomra ranga mar acmhainní digiteacha lena léamh ina bhfoirm bhunaidh.





## 8. Clár Forbartha Caipitil

### 8.1 Tionscadail Curtha i gCrích

#### *Halla Staidéir 24 uair an chloig nua do Mhic Léinn*

Osclaíodh halla staidéir 24 uair an chloig nua do mhic léinn i mí Dheireadh Fómhair 2014. Tá spás do 600 mac léinn san áis staidéir leabharlainne 24 uair an chloig, ar dtugtar Halla Kinsella, ar féidir a úsáid i rith na bliana i Leabharlann Ussher. Tá trí urlár sa spás saindeartha a bhfuil rochtain ag gach mac léinn agus taighdeoir i gColáiste na Tríonóide orthu, lá agus oíche. Is ann don fhorbairt a bhuíochas do thacaíocht phríobháideach fhlaithiúil ó Phríomhfheidhmeannach Jones Engineering Group, Eric Kinsella agus óna bhean Barbara. Ainmníodh an Halla Staidéir in ómós do thuismitheoirí an Uasail Kinsella, William agus Kathleen Kinsella.

#### *Athchóirithe agus uasghráduithe*

##### *Áiseanna spóirt*

I Meán Fómhair 2014 sheol Spórt Choláiste na Tríonóide páirc haca uiscebhunaithe nua ar chaighdeán idirnáisiúnta ag faiche spóirt na hOllscoile i Seantrabh. Tá an pháirc haca seo ar an gcaighdeán domhanda is airde is féidir de chuid na Cónaidhme Idirnáisiúnta Haca agus mar sin féadfaidh Choláiste na Tríonóide cluichí idirnáisiúnta a reáchtáil ann. Is ionann an áis seo agus an chéad chéim d'fhorbairt níos mó ag an láthair 34 acra i Seantrabh, lena gcuirfear áiseanna a bhfuil géarghá leo ar fáil do chlubanna mac léinn Choláiste na Tríonóide. Beidh teacht ag clubanna, grúpaí agus daoine aonair áitiúla ar na saoráidí freisin agus bainfidh siad go léir leas astu. Osclófar trí chaighean le dromchla “3G” le haghaidh sacair 5-an-taobh agus tá an pháirc nua le haghaidh cluichí peile ag an gcéim deiridh fáis anois, lena húsáid i Meán Fómhair 2016.

Tháinig rugbaí ar ais go Páirc an Choláiste i mí Dheireadh Fómhair 2014 nuair a athosclaíodh an pháirc rugbaí i ndiaidh di a bheith dúnta ar feadh ceithre mhí chun athdhromchla a chur uirthi. Páirc fóid féir nádúrtha den chineál is nua-aimseartha atá anois ann. Cuireadh tuilshoilse timpeall ar an bpáirc chomh maith.

#### *Athchóiriú na gCloch Dhúrlinge*

Déanann Roinn Eastát agus Saoráidí Choláiste na Tríonóide tionscadail athchóirithe agus caomhnaithe foirgneamh i rith na bliana. An ceann ba shuntasáí a rinneadh in 2014/15 ná tionscadal na gcloch dhúrlinge sa Chearnóg Thosaigh. Luíonn na clocha dhúrlinge le carachtar Choláiste na Tríonóide agus tá na clocha aoil féin thar a bheith marthanach. Tagann meath ar an ábhar a choinníonn in áit iad agus a líonann na bearnaí eatarthu in imeachta ama, áfach, agus bíonn deacracht dá bharr sin mar go bhfuil an dromchla éagothrom. Is éard a bhí i gceist leis an tionscadal ná na clocha agus an t-ábhar pointeála a bhaint amach, na clocha a leagan amach ar leaba gainimh nua, athphointeáil, draenáil nua, áiteanna le haghaidh rampaí agus rianta dromchla níos réidh a shocrú agus gach cloch dhúrlinge a athleagan de lámh. Tabharfar faoi thionscadail cloch dhúrlinge eile sa bhliain amach romhainn.

#### *Teach Dunlop Oriel*

Rinneadh athchóiriú ar aghaidh an fhoirgnimh uathúil brící dearga seo, a bhfuil ceangal láidir aige le hiarrachtaí na n-óglach i rith Éirí Amach 1916, chun na brící, an pointeáil agus gnéithe eile a chaomhnú.

#### *ADAPT*

Mar a chonacthas ar an Nuacht rinneadh athchóiriú suntasach ar roinnt spáis in Institiúid Uí Raghallaigh le haghaidh an Adapt Centre for Next Generation Localisation, rud a chuir leis an acmhainneacht taighde san áit seo, á méadú ó 61 stáisiún taighde go dtí 78.

#### *An Tosach Thiar*

Rinneadh athchóiriú agus seirbhísiú ar gach fuinneog ar cheann de na haghaidheanna is cáiliúla i gColáiste na Tríonóide, an Tosach Thiar (a bhreathnaíonn amach ar Fhaiche an Choláiste), lena chinntiú gur féidir na spásanna laistigh a úsáid mar oifigí nua-aimseartha agus mar áit do na cumainn mac léinn, fad a ndéantar an foirgneamh tábhachtach stairiúil seo a chothabháil.

Tá sé beartaithe tuilleadh tionscadal athchóirithe a dhéanamh sna blianta amach romhainn, de réir mar a cheadaíonn maoiniú. Déanann foirne tiomnaithe tionscadal agus saoráidí Choláiste na Tríonóide iarracht leanúnach gach bliain ó thaobh bainistiú fuinnimh agus cúram comhshaoil, lena n-áirítear aird mhór ar na tailte agus na gairdíní.

## 8. 2 Forbairtí Nua

### *Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide*

Cuirfidh an tionscadal seo Scoil Ghnó nua, mhéadaithe ar fáil, chomh maith le Mol Fiontraíochta agus Nuálaíochta ar Shráid an Phiarsaigh, a chuimsíonn suíomh Halla Luce (an tIonad Spóirt roimhe seo). San áireamh sa tionscadal, a chlúdaíonn 11,000 m<sup>2</sup>, beidh halla éisteachta 600-suíochán, spásanna bialainne do 200 duine, spás poiblí áit ar féidir le mic léinn casadh lena chéile agus smaointe a mhalartú, seomraí ranga ‘cliste’ leis an teicneolaíocht dhigiteach is deireanaí, agus seomra comhdhála ar leibhéal dín. Cuireadh tús le hobair chumasaithe chun daoine agus feistis a aistriú as na foirgnimh ar an láthair sa dara leath de 2014 agus cuirfear tús le tógáil in 2016.

### *E3 - Institiúid Innealtóireachta, Fuinnimh agus Comhshaoil Choláiste na Tríonóide*

Cuireadh an tionscadal seo ar sos ag deireadh 2011 agus tugadh faoi athbhreithniú acadúil ar na gníomhaíochtaí beartaithe. Go deireanach in 2013 bunaíodh coiste stiúrtha tionscadail idirthréimhseach le coimre a ullmhú, cás gnó agus straitéis tiomsaithe airgid don tionscadal. Tá dul chun cinn á dhéanamh ar phleananna faoi láthair maidir le láithreáin féideartha agus tá ábhar cás gnó agus faisnéise mionsonraithe á n-ullmhú le haghaidh maoiniú tionscadal agus soláthar comhairleach.

### *Cóiríocht Chónaithe*

Fostaíodh na hailtirí cáiliúla McCullough Mulvin Architects i mBealtaine 2015 chun foirgneamh nua a dhearadh ar Shráid an Phiarsaigh ar shuíomh oifige Leasa Shóisialaigh Theach Oisín, ar le Coláiste na Tríonóide an foirgneamh. Cuirfidh an tionscadal seo thart ar 280 spás breise ar fáil do leapacha in 2018, faoi réir ag pleanáil. Tá fiosrú á dhéanamh ar thionscadail eile freisin a d'fhéadfadh breis spásanna do leapacha a chur ar fáil i réadmhaoine ar le Coláiste na Tríonóide iad.

### *Institiúid Sláinte an Daonra, Tamhlacht*

Cheadaigh Bord an Choláiste do thrí urlár i bhfoirgneamh críochnaithe i dTamhlacht, in aice an ospidéil, a cheannach chun thart ar 2,500 m<sup>2</sup> de chóiríocht a chur ar fáil d'Institiúid Sláinte an Daonra. Cuireann an áis seo do Scoil an Leighis i dTamhlacht spás comhoibríoch ar fáil i bhfoirgneamh comhroinnte ina bhfuil ionad cúraim phríomhúil an FSS agus cleachtais Dhochtúirí Teaghlaigh áitiúla.



*Taispeántas Leabhar Cheanannais*

### *Eispéireas Chuairteoirí ar Choláiste na Tríonóide*

Tá tionscadal ollmhór ag an gcéim faisnéise anois maidir le hEispéireas Chuairteoirí ar Choláiste na Tríonóide a fheabhsú, ón bpointe a théitear isteach ar an gcampas go dtí go bhfágtagar é agus chun rannpháirtíocht níos gníomhaí agus níos leanúnaí le seodra Choláiste na Tríonóide a spreagadh. Tá an tionscadal seo comhdhéanta de roinnt fo-thionscadal, lena n-áirítear feabhsúcháin ar Gheata Shráid Nassau, acmhainneacht agus saoráidí méadaithe i dTeach Regent (geata tosaigh), níos mó gluaiseachta agus méadú ar shaoráidí siopaí, tuilleadh torthaí ó Leabhar Cheanannais agus na spásanna taispeántais a bhaineann leis, na scuainí agus na ticéid. Tá go leor de na tionscadail seo á ndéanamh i dtimpeallachtaí íogair ó thaobh an chaomhnaithe de, i dtéarmaí an ábhair arna choimeád ar an láthair agus na foirgnimh i gceist.

### *Bonneagar Leictreach*

Tá tionscadal ar fiú na milliúin euro é chun cur leis an uas-acmhainneacht iompórtála don Ollscoil, agus chun na soláthairtí éagsúla atá ann anois a thabhairt le chéile in aon soláthar amháin, ag an gcéim deartha le Líonraí BSL agus ár bhfoirne gairmiúla. Chun cur le punann na saoráidí spóirt agus chun freagra a thabhairt ar éilimh atá ag méadú de shíor, tá tuilleadh forbartha beartaithe don Ionad Aclaíochta, do na páirceanna spóirt i Seantrabh, do shaoráidí an Tí Báid agus do shaoráidí spóirt ar an gcampas trí fhorbairt a dhéanamh ar Theach Oisín.



### 8.3 Caomhnú Fuinnimh

D'ídigh Coláiste na Tríonóide 36.3 milliún kWh leictreachais (laghdú 1.5% ar 2013/14) agus díreach os cionn 45 milliún kWh de ghás nádúrtha agus d'ola i rith 2014/15 (méadú 6% ar 2013/14). D'éirigh leis na hiarrachtaí cúrsaí leictreachais a bhainistiú ar an bpríomhchamras i lár na cathrach agus thit an t-ídiú leictreachais 2.9%. Torthaí rathúla atá ann do chúrsaí leictreachais tríd is tríd mar go léiríonn na figiúirí ídiú leictreachais do roinnt láithreacha nua, ina measc An Scoil Ghnó, an tSaoráid Taighde Cliniciúil (CRF) in Ospidéal San Séamais agus cuid den Scoil Altranais (IDS TILDA & MAMMI) in Uimh. 2 Sráid an Chláraigh. Baineann an méadú ar ídiú gáis agus ola le factóirí éagsúla. Bhí an bhliain 2014/15 cuid mhaith níos fuaire ná an bhliain roimhe sin. Cruthaíonn an aimsir níos fuaire níos mó dúshlán maidir le sceidil a bhainistiú chun éilimh áitíochta a chomhlíonadh. D'ainneoin an ceartú sin ar an ídiú bliantúil de bharr na haimsire níos fuaire, tháinig laghdú ab ionann é agus 4 milliún kWh ar an ídiú gáis agus ola.

I rith 2014/15 leanadh le hiarrachtaí chun monatóireacht a dhéanamh ar ídiú fuinnimh agus é a laghdú sa bhfoirgneamh eolaíochta agus taighde is mó, Institiúid na nEolaíochtaí Bithleighis de chuid Choláiste na Tríonóide (TBSI). Tá an tionscadal caomhnaithe fuinnimh seo tar éis comh-ídiú leictreachais agus gáis i TBSI a laghdú de 5% ceartúcháin aimsire ón mbliain roimhe. Baineadh sin amach trí bhainistiú a dhéanamh ar sceidil oibríochta chun freastal ar éilimh áitíochta agus ar úsáid an innealra Chumhachta agus Teasa in Éineacht (CHP) chun leictreachas a thugtar isteach a laghdú agus fuíollteas a aisghabháil leis an bhfoirgneamh a théamh.

Tugadh roinnt tionscadal chun críche i rith na bliana chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Ina measc bhí soilsiú éifeachtach ó thaobh fuinnimh agus soilse LED i Halla Goldsmith, Téatar Burke, slí dála Fhoirgneamh na nEalaíon, carrchlós Shráid Nassau agus roinnt eile. Tá iarfheistiú déanta ar roinnt athchóiriúcháin, lena n-áirítear Foirgneamh na hAnatamaíochta, 190, 193 & 194 Sráid an Phiarsaigh agus áiteanna eile i bhFoirgneamh Uí Raghallaigh, d'fhonn éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Leis an obair thionscadail seo, rinneadh uasghrádú ar an suiteáil teasa, méadaíodh an Chórais Bhainistithe Foirgneamh (BMS), feabhsaíodh aeráil, soilse ard-éifeachtúlachta agus rialtáin soilsithe uathoibríoch nua.

Cuireadh tús le feachtas feasachta fuinnimh píolótach nua i Halla Goldsmith, ar foirgneamh ilúsáide é ina bhfuil 200 áit chónaithe do mhic léinn, agus spásanna le haghaidh riaracháin agus múinteoireachta. Reáchtáladh an feachtas seo i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW). Thug na mic léinn tacaíocht mhaith don feachtas agus reáchtálfar arís é ar bhonn píolótach in áiteanna eile i rith na bliana seo chugainn. Lean Coláiste na Tríonóide ar aghaidh ag obair leis an tionscadal fuinnimh idir-ollscoile, e3, a chuimsíonn Coláiste na Tríonóide, UCD, DIT agus DCU. Déanann an tionscadal monatóireacht ar ídiú fuinnimh do na foirgnimh níos mó agus d'fhonn díriú ar laghdúithe fuinnimh tríd an leas is fearr is féidir a bhaint as oibríochtaí agus rialuithe. Eisíodh ábhar scríofa ar fud an Choláiste i rith na bliana chun aird a tharraingt ar fheasacht fuinnimh san Ollscoil.

Tá an sprioc reatha ó thaobh caomhnú fuinnimh nasctha leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta reatha um Éifeachtúlacht Fuinnimh 2 (NEEAP 2). Tá an clár náisiúnta don earnáil phoiblí le laghdú 33% ar ídiú fuinnimh príomhúil a bhaint amach faoi dheireadh na bliana 2020, arna thomhas in aghaidh bonnbhliana. Fuinneamh príomhúil in aghaidh an achair chomhionann fuinnimh in aghaidh na bliana atá san Innéacs Feidhmíochta Fuinnimh (EnPI) a úsáideann an Coláiste. Dearbhaíonn an tuarascáil is déanaí gur tháinig laghdú (feabhsú) 19% ar an déine fuinnimh, mar a thomhaiseann an EnPI é, ón mbliain tagarmhairc. An cuspóir atá ann ná leanúint le feabhas tuairim is 3% a chur ar an EnPI gach bliain chun an sprioc de 33% a bhaint amach faoin mbliain 2020.

€6.64 milliún (€6.6 milliún do 2013/14) a bhí sa ghlanachteachtas don bhliain 2014/15 maidir le costas fóntas. Bhí praghsanna leictreachais cosúil leis an méid a bhí iontu an bhliain seo caite. Tháinig laghdú ar phraghsanna gáis ach rinneadh sin a fhritháireamh ag an méadú ar an ídiú gáis de bharr drochaimsire. Fuarthas an soláthar leictreachais agus gáis go léir via na creataí náisiúnta arna socrú suas ag an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP). Baineann an tionscadal seo úsáid as an gcomhchumhacht sholáthair níos mó a bhíonn ag comhlachtaí comhionann san earnáil ollscoile chun an praghas is iomaíoch sa mhargadh a fháil d'aonad fuinnimh.





## 9. Daonchairdeas

Tá uaimhianta agus gnóthachtálacha Choláiste na Tríonóide ag fás i gcónaí agus tá sé ríthábhachtach go gcoimeádfaidh sé a chlá mar ollscoil de thionchar domhanda. Ní féidir le hollscoileanna sármhaithe brath go hiomlán ar mhaoiniú ón stát. Cuireann tacaíocht ó alumni agus cairde ar chumas na hOllscoile an scoth a bhaint amach ina réimsí láidreachta agus deiseanna a chur ar fáil do dhaoine a bheadh eisiata, murach iad.

Chuiqe seo, tiomsaíonn Forbairt & Alumni Choláiste na Tríonóide airgead ó alumni, lucht tacaíochta agus ó chairde na hOllscoile. Sa tréimhse 1 Deireadh Fómhair 2014 go 30 Meán Fómhair 2015, fuarthas breis is €53.3 milliún i ngealltanais (€15.1 milliún in 2013/14). Féadtair tairbhí na tacaíochta príobháidí seo a fheiceáil ar fud na hOllscoile.



An Gailearaí Eolaíochta, Baile Átha Cliath

Dáileadh gealltanais agus bronntanais a fuair Coláiste na Tríonóide sa bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2015 i gcúig phríomhchatagóir: Caipiteal- €29.3 milliún; Taighde- €18.7 milliún; Poist- €3.6 milliún; Scoláireachtaí - €900,000 agus Taithí Mac Léinn agus For-rochtain - €800,000. Tá buíochas le tabhairt do na deontóirí go leor a thug cúnaimh tríd an Achainí Bhliantúil, trí oidhreacht a fhágáil chun tacaíocht dhíreach a chur ar fáil do cheann de chuspóirí straitéiseacha Choláiste na Tríonóide lena n-áirítear:

- AAosú
- Ailse
- Néareolaíocht
- E3, Institiúid Innealtóireachta, Fuinnimh agus Comhshaoil Choláiste na Tríonóide, tionscnamh ollmhór nua idir Innealtóireacht agus na hEolaíochtaí Nádúrtha
- Athchóiriú ar an Leabharlann agus saoráidí taighde Daonnachtaí a fhorbairt
- Campas Nuálaíochta a thógáil – ina ionchorprófar Scoil Ghnó Nua
- Gailearaí Eolaíochta
- Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide agus sparánachtaí do mhic léinn.

In 2014/15, thug 2,676 deontóir alumni bronntanais do Choláiste na Tríonóide, méadú de 12% ar 2013/14; 1,198 deontóir bronntanas den chéad uair, méadú de 37% ón mbliain roimhe, rinne deontóirí ionadaíocht ar 45 thír, agus d'fháiltigh Coláiste na Tríonóide roimh sé 'Bronntóir trí na Céadta Bliain' nua: deontóirí atá tar éis breis agus €1,000,000 a thabhairt don Ollscoil.



## 10. Staid Airgeadais

Cheadaigh an Bord na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite agus na Ráitis Mhaoiniúcháin don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2015 ar 23 Márta 2016. Tá an staid airgeadais achomair leagtha amach i dTábla 1 thíos.

**Tábla 1 - Staid Airgeadais Achomair**

	2015 €m	2014 €m	2013 €m	2012 €m	2011 €m
Deontais Stáit	44.5	47.3	54.5	58.7	66.7
Táillí acadúla	128.9	124.2	116.1	113.8	111.9
Deontais taighde agus conarthaí	85.2	78.0	74.7	75.9	78.5
Ioncam eile	52.4	49.2	50.6	49.5	44.8
Ioncam dearlaice agus infheistíochta	10.2	15.8	9.3	11.0	10.1
Ioncam (gan amúchadh deontas san áireamh)	321.2	314.5	305.2	308.9	312.0
Costais foirne	230.7	225.7	221.8	220.9	219.6
Costais oibríochta eile	94.5	89.4	87.6	92.4	84.3
Costais oibríochta iomlán (Easnamh)/barrachas oibríochta roimh chostais úis agus glan-dímheas	325.2 (4.0)	315.1 (0.6)	309.4 (4.2)	313.3 (4.4)	303.9 8.1
Lúide:					
Dímheas (glan ar amúchadh deontas)	16.0	17.0	14.1	12.0	13.0
Ús iníoctha	4.1	4.2	4.2	4.8	4.1
Easnamh don bhliain	(24.1)	(21.8)	(22.5)	(21.2)	(9.0)

Chabhraigh meascán de mhic léinn a earcú, gníomhaíocht taighde a mhéadú agus ranníocaíocht shuntasach ó ghníomhaíochtaí cuimhdeacha chun ioncam comhdhlúite, gan amúchadh deontas san áireamh, de €321.2m a sheachadadh do 2014/15 (€2013/14: €314.5m) a léiríonn laghdú 2.1% ar an mbliain roimhe sin. B'ionann an caiteachas comhdhlúite, lúide dímheas agus ús iníoctha, don bhliain agus €325.2m (2013/14: €315.1m).

Ag teacht lenar bpleananna, tuairiscíonn na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite do 2014/15 easnamh oibríochta roimh chostais dhímheasa agus úis de €4.0m a léiríonn infheistíocht thosaigh na hOllscoile maidir le straitéisí giniúna ioncaim cheadaithe. Léiríonn an t-easnamh pleanáilte iomlán de €24.1 soláthar na hOllscoile maidir le hathnuachan infreastruchtúir i bhfoirm glan-mhuirear dímheasa de €16.0m.

Mar a tuairiscíodh sa Chlár Comhardaithe Comhdhlúite, b'ionann glansócmhainní an Ghrúpa agus €887.2m amhail an 30 Meán Fómhair 2015, laghdú €22.1m ó

2013/14. Tá iarmhéideanna airgid tirim €178.6m ag an nGrúpa amhail 30 Meán Fómhair 2015 (2014: €169.7m) agus saoráid iasachta €75.0 milliún leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, ar tarraingíodh anuas amhail an 30 Meán Fómhair 2015. Thiomsaigh an Ollscoil a chúnaínt bhainc go léir ag deireadh na bliana. Tar eis dheireadh na bliana, an 1 Deireadh Fómhair 2015, tarraingíodh anuas an dara iasacht EIB de €70.0m a mhaoineoidh tionscadail chaipitil amach anseo lena n-áirítear an Scoil Ghnó nua agus forbairtí cóiríochta Theach Oisín.

Ba é luach na gCistí Dearlaice an 30 Meán Fómhair 2015 ná €168.7m, rud a léiríonn go bhfuil an-dul chun cinn á dhéanamh agus go bhfuiltear níos gaire don luach a leagadh síos mar sprioc i bPlean Straitéiseach na hOllscoile. Foinse mhór ioncaim í oll-ranníocaíocht Chistí Dearlaice na hOllscoile, íocaíocht ar fiú €6.6m í. Fágann sí gur féidir leis an Ollscoil caighdeán agus sláine cláir acadúla agus tacaíochta a choinneáil.

B'ionann leibhéal na gníomhaíochtaí taighde do 2014/15 a taifeadh sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite (tomhaiste ar bhonn na gníomhaíochta caiteachais i rith na bliana agus ní an t-ioncam a fuarthas) agus €85.2m (2013/14: €78m). Bhí luach €105 milliún ar na conarthaí nua a síníodh sa bhliain, sin ardú thart ar 57% ar luach na bliana roimhe sin (2013/14: €67m). Ba é Coláiste na Tríonóide an institiúid Éireannach is mó ar éirigh léi faoi Chreachlár 7 an AE agus tá sí tar éis tús rathúil a bheith aici in Horizon 2020, go mór mór agus deontais á bhfáil aici ón gComhairle Eorpach um Thaighde. In 2014/15 ba é briseadh síos an ioncaim taighde ná 65:35 (2013/14: 66:34). Tá an-íomhaíocht i réimse an taighde i gcónaí agus é curtha roimh an gColáiste ioncam taighde a choinneáil ag tuairim is €85m as seo go trí bliana nó ceithre bliana. Braithfidh an méid sin, áfach, ar an rath céanna a bheith ar na Straitéisí Éagsúlaithe Taighde agus a bhí orthu go dtí seo (is ar mhaoiniú AE, Tionscail agus maoiniú a thagann as foinsí eile seachas an Státchiste a dhíríonn na Straitéisí céanna sin).

Léiríonn na Príomhtháscairí Feidhmíochta i dTábla 2 an dul chun cinn atá á dhéanamh ag an Ollscoil i dtreo is gur féidir cobhsaíocht airgid a choinneáil sa ghearthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma in ainneoin luaineachta ar an taobh amuigh.

**Tábla 2 - Príomhtháscairí Feidhmíochta (KPI-anna)**

KPI-anna an Phlean Straitéisigh	Spríoc 2019	2015	2014	2013	2012	2011
(Easnamh)/Barrachas Oibríochta % d'ioncam*	<b>6%</b>	-1.2%	-0.2%	-1.4%	-1.4%	2.6%
(Easnamh)/Barrachas Iomlán % d'ioncam*	<b>2%</b>	-7.5%	-6.9%	-7.4%	-6.9%	-2.9%
Cóimheas Ioncaim Státchiste/Neamh-Státchiste	<b>40:60</b>	43 : 57	45 : 55	48 : 52	49 : 51	54 : 46
Cóimheas Pá/Neamh-pha**	<b>65:35</b>	71 : 29	72 : 28	72 : 28	72 : 28	73 : 27
Glan Sócmhainní	<b>€800m</b>	€887m	€909m	€916m	€938m	€946m
Luach an Chúlchiste Dearlaice	<b>€180m</b>	€169m	€165m	€147m	€140m	€125m

\*Gan amúchadh Deontas Caipitil san áireamh  
\*\*Gan costas dhímheasa agus úis san áireamh

Is iomaí dúshlán atá roimh an Ollscoil i gcónaí agus an meath mór atá tagtha ar mhaoiniú an Stáit le haghaidh an ardoideachais le blianta beaga. Níl an meath sin chomh mór céanna anois i bhfianaise an mhéadaithe bhig ar Leithdháileadh Deontas 2016. Ar an gcaoi chéanna, fágann na rátaí ísle úis atá ann faoi láthair go bhfuil laghdú mór tagtha ar ioncam úis na hOllscoile le blianta beaga anuas. Sa timpeallacht dhúshlánach seo, ní foláir don Ollscoil leanúint uirthi ag bainistiú a cuid costas, go háirithe a cuid costas pá. Lena chois sin, ó tharla nach bhfuil an Stát ag tabhairt mórán de mhaoiniú chun críocha caipitil, is ceart don Ollscoil an gá atá le hathnuachan infreastruchtúir ar fud an champais atá ann faoi láthair a aithint, agus an gá atá le forbairtí nua caipitil as a buiséad atarlaithe.

Tá an Ollscoil dírithe ar phríomhbhealaí le hioncam a ghiniúint nach mbaineann leis an státchiste (oideachas ar líne, mic léinn idirnáisiúnta, tráchtálú, daonchairdeas, éagsúlú sa taighde agus rannpháirtíocht sa tionscal) chun sruthanna ioncaim éagsúla a chruthú agus a fhás don Ollscoil agus, trí sin a dhéanamh, ár n-inbhuanaitheacht airgeadais a fheabhsú. Chun aghaidh a thabhairt ar an dibhéirseacht idir rolluithe atá ag dul i méid agus an titim ar mhaoiniú Rialtais san earnáil tá an Ollscoil tar éis díriú ar chóimheas ioncaim Státchiste/neamh-Státchiste de 40:60 faoi 2018/19. Tá dul chun cinn maith á dhéanamh i dtaca leis na bunstraitéisí fáis seo,

straitéisí a bhfuil infheistíocht déanta ag an Ollscoil iontu le roinnt bheag blianta, tar éis nach bhfuil siad ach ina dtús. Táthar ag tuar go mbeidh méadú mór in 2015/16 agus níos faide anonn ar ioncam de bharr na Straitéisí Caidreamh Domhanda agus Tráchtálaithe. Is gá súil ghéar a choinneáil ar an méid sin lena chinntiú go bhfaighidh an Ollscoil luach a cuid airgid ó thaobh na hinfeistíochta de.

Faoi láthair, féachann an Ollscoil le buiséid chomhardaithe a bhaint amach agus leithdháileadh atarlaithe a cuid acmhainní á beartú aici. Mar sin féin, anois agus infheistíocht leanúnach i nginiúint ioncaim cheadaithe á cur san áireamh aici, mar aon le straitéisí laghdaithe costas agus athnuachan sócmhainní, is ag dul i laghad a bheidh easnaimh na hOllscoile as seo go ceann 3-4 bliana, rud a mbeidh an Ollscoil ag tuairisciú air. Agus an fás suntasach atá tagtha ar ioncam ó fhoinsí eile seachas an Státchiste á chur san áireamh, is mó fós an dúshlán atá roimh an Ollscoil barrachas a bhaint amach in 2018/19, toisc go bhfuil teorainn lena cumas costais phá a bhainistiú. Cé go ndéanann Grúpa Pleanála agus Coiste Airgeadais na hOllscoile athbhreithniú rialta ar thuartha airgeadais chun a chinntiú go bhfuil clocha míle tábhachtacha á gcur i gcrích, b'olc an mhaise dúinn a bheith bogásach agus ní foláir dúinn dúshlán na gcostas atá ann faoi

láthair a thabhairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar infheistíochtaí inár straitéisí fáis ioncaim chun a chinntiú gur barrachas a bheidh againn an athair.

I bhfianaise uailmhian agus scála Plean Straitéiseach na hOllscoile, 2014-2019, is gá díriú ar thionscadail mhóra thábhachtacha agus tús áite a thabhairt dóibhsean. Is gá ansin cur chuige comhtháite a ghlacadh ar láimh chun na príomhthionscadail a chur i gcrích, faoi mar a leagadh síos sa Phlean. Teastóidh dianbhainistiú airgid, éagsúlú ioncaim agus uasmhéadú maoinithe chun ár gcuid spriocanna a bhaint amach. Sna blianta amach romhainn, níl aon amhras ach gur iomaí dúshlán a bheidh le sárú ag an Ollscoil. Mar sin féin, maolóidh creatlach pleanála na hOllscoile le haghaidh oibríochtaí inbhuanaithe na rioscaí a bhaineann leis an méid sin. Beidh ar an Ollscoil a bheith in inn tacú le hinfeistíocht chaipitil agus infreastruchtúir, mar aon le haisíocaíochtí ciste. Aithnítear go bhfuil giniúint barrachas inbhuanaithe ríthábhachtach chun go mbeidh an tsolúbthacht ann a theastaíonn le hinfeistíocht a dhéanamh i dtionscadail nua acadúla. Is gá dul i mbun na dtionscadal seo chun uailmhian na hOllscoile a bheith san iomaíocht go hidirnáisiúnta a shásamh.





## Aguisín I

### Freastal ar chruinnithe Boird 2014-2015

12 chruinniú a bhí ann san iomlán i rith na bliana 2014/2015.

#### *Comhaltaí Ex-Officio*

An Propast (An Dr Patrick Prendergast) (12), an Leas-Phropast/Príomhoifigeach Acadúil (An tOllamh Linda Hogan) (11), Léachtóir Sinsearach/Déan an Léinn Fochéimithe (An tOllamh Gillian S. Martin) (12), An Cláraitheoir (an tOllamh Shane Allwright) (12) Sparánaí/Stiúrthóir na Nuálaíochta Straitéisí (an tOllamh Gerard Lacey) (12).

#### *Comhaltaí tofa:*

An tOllamh Peter Coxon (10), an tOllamh Sylvia Draper (10), an tOllamh Eileen Drew (10), an tOllamh Brian Lucey (8), an tOllamh John McGilp (12), an tOllamh Cliona O'Farrelly (10), an tOllamh Micheál Ó Siochrú (10), an tOllamh Diarmuid Rossa Phelan (10), an tOllamh William Dowling (11), an tUasal Dermot Frost (12), an tOllamh Catherine McCabe (12), an tOllamh Desmond O'Neill (8), an tOllamh Aidan Seery (9), an tUasal Gerard Garrahan (11), An tUasal Frederick M. Cowzer (11), Sheila Dunphy Uasal (10).

#### *Comhaltaí seachtracha:*

An Dr Olive Braiden (9), An tUas. Jackie Gallagher (9).

#### *Comhaltaí mac léinn:*

An tUasal Domhnall McGlacken Byrne (10), an tUasal Ian Mooney (11), Katie Byrne Uasal (9), Megan Lee Uasal (9).

## Aguisín II

### Costais an Bhoird 2014-15

In 2014-15 íocadh na suimeanna seo a leanas le comhaltaí an Bhoird (thosaigh an bhliain airgeadais ar 1 Deireadh Fómhair):

An tOllamh Des O'Neill: €42.40



## Aguisín III

### AN CUNTAS IONCAM AGUS CAITEACHAIS COMHDHLÚITE Don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2015

	2015	2014
	€'000	€'000
<b>Ioncam</b>		
Deontais Stáit	44,512	47,279
Táillí acadúla	128,872	124,234
Deontais taighde agus conarthaí	85,199	78,004
Amúchadh deontas caipitil iarchurtha	10,571	11,599
Ioncam oibríochta eile	52,456	49,178
Ioncam úis	487	866
Ioncam/(costas) airgeadais eile	-	-
Ioncam Dearlaice	6,556	7,022
Gnóthachan ar athluacháil maoine infheistíochta	3,097	7,881
<b>Ioncam Iomlán</b>	<b>331,750</b>	<b>326,063</b>
<b>Caiteachas</b>		
Costais foirne	230,713	225,756
Costais oibríochta eile	94,468	89,368
Ús infíochta	4,059	4,217
Dímheas	26,610	28,554
<b>Caiteachas Iomlán</b>	<b>355,850</b>	<b>347,895</b>
Easnamh don bhliain roimh chánachas	(24,100)	(21,832))
Cánachas	-	-
Easnamh don bhliain tar éis cánachais	(24,100)	(21,832)
Lúide: Barrachas don bhliain aistrithe chuig ioncam carntha sna cistí dearlaice	(1,270)	(1,588)
Easnamh don bhliain coinnithe laistigh den chúlchiste ioncaim	(25,370)	(23,420)



## Aguisín IV

### CLÁR COMHARDAITHE COMHDHLÚITE AGUS CLÁR COMHARDAITHE NA hOLLSCOILE Don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2015

	Comhdhlúite		Ollscoil	
	2015 €'000	2014 €'000	2015 €'000	2014 €'000
<b>Sócmhainní seasta</b>				
Sócmhainní inlámhsithe	752,452	761,668	752,418	761,620
Maoine infheistíochta	56,255	46,369	56,255	46,369
	808,707	808,037	808,673	807,989
<b>Sócmhainní Dearlaice</b>	168,737	165,113	168,737	165,113
<b>Sócmhainní reatha</b>				
Féichiúnaithe	50,960	47,916	50,720	47,859
Stoc	492	320	492	320
Airgead sa bhanc agus ar láimh	25,944	21,677	13,432	10,383
Taiscí gearrthéarmaeaca	152,606	148,048	140,000	135,563
Infheistíochtaí gearrthéarmaeaca	1,320	-	-	-
	231,322	217,961	204,644	194,125
<b>Creidiúnaithe:</b> méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	(173,136)	(147,528)	(156,503)	(135,900)
<b>Glan sócmhainní reatha</b>	58,186	70,433	48,141	58,225
<b>Sócmhainní iomlána líude dliteanais reatha</b>	1,035,630	1,043,583	1,025,551	1,031,327
<b>Creidiúnaithe:</b> méideanna a bheidh dlite tar éis bliana amháin	(148,394)	(134,280)	(148,394)	(134,280)
<b>Glan sócmhainní gan sócmhainní/ (dliteanas) pinsin san áireamh</b>	887,236	909,303	877,157	897,047
Dlitéanas pinsin	(1,395,218)	(1,423,616)	(1,395,218)	(1,423,616)
Pinsean infhaighte	1,395,218	1,423,616	1,395,218	1,423,616
<b>Glan Sócmhainní</b>	887,236	909,303	877,157	897,047





## Aguisín IV

### CLÁR COMHARDAITHE COMHDHLÚITE AGUS CLÁR COMHARDAITHE NA hOLLSCOILE (ar lean) Don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2015

	Comhdhlúite		Ollscoil	
	2015 €'000	2014 €'000	2015 €'000	2014 €'000
<b>Arna léiriú ag:</b>				
Deontais chaipitil iarchurtha	412,907	420,017	412,907	420,017
Cistí dearlaice: Buan	160,347	156,793	160,347	156,793
Cistí dearlaice: Inídithe	8,390	8,320	8,390	8,320
	168,737	165,113	168,737	165,113
Cúlchiste athluachála	342,325	335,536	342,325	335,536
Cúlchiste ioncaim	(36,733)	(11,363)	(46,812)	(23,619)
	305,592	324,173	295,513	311,917
	887,236	909,303	877,157	897,047



Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath  
Ollscoil Átha Cliath



[www.tcd.ie](http://www.tcd.ie)



Clár Chistí Struchtúracha AE  
na hÉireann 2007-13

Cómhaoinithe ag Rialtas na hÉireann  
agus ag an Aontas Eorpach



CISTÍ STRUCHTÚRACHA AE